**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0337/2021**

6.12.2021

# ***I
# AN DARA TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú
(COM(2016)0034 – C9-0018/2016 – 2012/0060(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Daniel Caspary

Rapóirtéirí don tuairim (*):
Ivan Štefanec, An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

(*) Coistí comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................60

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA............................................................................................................66

LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA ...........................................................96

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ...................................................................99

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH 101

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú (COM(2016)0034 – C9-0018/2016 – 2012/0060(COD))**

**(Ordinary legislative procedure: first reading)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2019)0124) agus an togra leasaithe (COM(2020)0034),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0018/2016),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A7-0454/2013),

– ag féachaint do Chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 16 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gnó nach bhfuil críochnaithe ón ochtú téarma parlaiminteach,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla**,**

– ag féachaint don dara tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0337/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Téacs an Rialacháin**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Togra leasaithe le haghaidh*** RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar ***mhargadh inmheánach soláthair phoiblí*** an Aontais agus maidir le nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus sheirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair ***phoiblí*** tríú tíortha a éascú | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rochtain ***oibreoirí eacnamaíocha,*** earraí agus seirbhísí oibreoirí eacnamaíocha tríú tíortha ar ***mhargadh*** soláthair phoiblí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain ***oibreoirí eacnamaíocha,*** earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair tríú tíortha a éascú |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(5) Le Comhaontú iltaobhach athbhreithnithe na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais, ní dhéantar foráil ach amháin maidir le rochtain shrianta a bheith ag cuideachtaí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha, agus níl feidhm aige ach amháin maidir le líon srianta ball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ar páirtithe sa Chomhaontú sin iad. I mí na Nollag 2013, rinne an tAontas an Comhaontú Leasaithe ar Sholáthar Rialtais a thabhairt i gcrích.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus trína chaidreamh déthaobhach féin, cuireann an tAontas chun cinn oscailt uaillmhianach a dhéanamh ar mhargaí soláthair ***phoiblí*** an Aontais agus a gcomhpháirtithe trádála, de mheon cómhalartachta agus comhshochair**.** | (6) Laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus trína chaidreamh déthaobhach féin, cuireann an tAontas chun cinn oscailt uaillmhianach a dhéanamh ar mhargaí soláthair an Aontais agus a gcomhpháirtithe trádála, de mheon cómhalartachta agus comhshochair. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Le Comhaontú iltaobhach EDT maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe trádála an Aontais lena n-áirítear forálacha maidir le soláthar, ní dhéantar foráil ach do rochtain a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargaí soláthair tríú tíortha atá ina bpáirtithe sna comhaontuithe sin.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Más páirtí i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais í ***an*** tír ***lena mbaineann*** nó má tá comhaontú trádála tugtha i gcrích aici leis an Aontas ina bhfuil forálacha maidir le soláthar ***poiblí***, ba cheart don Choimisiún cloí leis na sásraí comhairliúcháin agus/nó leis na nósanna imeachta um réiteach díospóide atá leagtha amach ***sa chomhaontú sin*** nuair is le soláthar atá cumhdaithe ag gealltanais maidir le rochtain ar an margadh a thug ***an*** tír ***lena mbaineann*** don Aontas a | (7) Más páirtí i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais í ***tríú*** tír nó má tá comhaontú trádála tugtha i gcrích aici leis an Aontas ina bhfuil forálacha maidir le soláthar, ba cheart don Choimisiún cloí leis na sásraí comhairliúcháin agus/nó leis na nósanna imeachta um réiteach díospóide atá leagtha amach sna ***comhaontuithe sin*** nuair is le soláthar atá cumhdaithe ag gealltanais maidir le rochtain ar an margadh a thug ***an tríú*** tír ***sin*** don Aontas a bhaineann na cleachtais shriantacha. |

bhaineann na cleachtais shriantacha.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tá leisce ar chuid mhór tríú tíortha iomaíocht idirnáisiúnta a ligean isteach ina margaí soláthair ***phoiblí*** agus ***ina*** margaí lamháltas, nó an rochtain atá ar na margaí sin cheana féin a oscailt a thuilleadh. Dá thoradh sin, tá oibrithe eacnamaíocha an Aontais faoi réir cleachtas sriantach soláthair i gcuid mhaith de na tíortha ar ***comhpháirtithe*** trádála de chuid an Aontais iad. Caillteanas mórdheiseanna trádála an toradh atá ar na cleachtais shriantacha soláthair sin. | (8) Tá leisce ar chuid mhór tríú tíortha iomaíocht idirnáisiúnta a ligean isteach ina margaí soláthair agus ina margaí lamháltas, nó an rochtain atá ar na margaí sin cheana féin a oscailt a thuilleadh. Dá thoradh sin, tá oibrithe eacnamaíocha an Aontais faoi réir cleachtas sriantach soláthair i gcuid mhaith de na tíortha ar ***comhpháirtithe*** trádála de chuid an Aontais iad. Caillteanas mórdheiseanna trádála an toradh atá ar na cleachtais shriantacha soláthair sin. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(9) I dTreoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] níl ach líon beag forálacha maidir leis an ngné sheachtrach de bheartas an Aontais maidir le soláthar poiblí, go háirithe Airteagal 85 agus Airteagal 86 . Níl ach raon feidhme teoranta ag na forálacha sin agus ba cheart forálacha eile a chur ina n-ionad.*** | ***scriosta*** |

***[16] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist, (IO L 94, 28.3.2014, lch.***

***243).***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Le Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas a áirithiú. Níl rialacha ná nósanna imeachta ann i dtaca le conas déileáil le hearraí agus le seirbhísí nach gcumhdaíonn comhaontuithe idirnáisiúnta dá gcineál sin. | (10) Le Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas a áirithiú. Níl rialacha ná nósanna imeachta ***den sórt sin*** ann i dtaca le conas déileáil le ***hoibreoirí eacnamaíocha,*** earraí agus le seirbhísí nach gcumhdaíonn comhaontuithe idirnáisiúnta dá gcineál sin. |
| [17] Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 189, 27.6.2014, lch. 50). | [4] Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 189, 27.6.2014, lch. 50). |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ***Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a bheith ag an Aontas agus ag*** | (11) ***Éilítear le*** gealltanais idirnáisiúnta maidir le rochtain ar mhargaí i ndáil le tríú |

***oibreoirí eacnamaíocha, eintitis chonarthacha agus údaráis chonarthacha tríú tíortha, ba cheart léiriú a bheith i ndlíchóras an Aontais*** ar ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir le rochtain ar mhargaí i ndáil le tríú tíortha i réimse an tsoláthair ***phoiblí*** agus na lamháltas ***d'fhonn a*** gcur chun feidhme ***éifeachtach a áirithiú***.

tíortha i réimse an ***tsoláthair phoiblí agus na lamháltas, inter alia, go gcaithfear go cothrom le hoibreoirí eacnamaíocha ó na tíortha sin***. ***Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag bearta arna nglacadh faoin Rialachán seo ach amháin maidir le hoibreoirí eacnamaíocha, earraí nó seirbhísí ó thíortha nach páirtithe iad i gComhaontú iltaobhach EDT maidir le Soláthar Rialtais nó i gcomhaontuithe trádála déthaobhacha nó iltaobhacha leis an Aontas lena n-áirítear gealltanais maidir le rochtain ar*** mhargaí soláthair agus lamháltas, ***nó ó thíortha atá ina bpáirtithe sna comhaontuithe sin, ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair le haghaidh earraí, seirbhísí nó lamháltas nach gcumhdaítear leis na comhaontuithe sin***. ***Gan beann ar*** chur i bhfeidhm ***na mbeart arna nglacadh faoin Rialachán seo agus i gcomhréir le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 i ndáil le 'Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí ó thríú tíortha i margadh soláthair AE'[1a] agus i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha nach bhfuil aon chomhaontú acu lena bhforáiltear d'oscailt mhargadh soláthair an Aontais nó nach bhfuil a n-earraí, a seirbhísí agus a n-oibreacha cumhdaithe leis an gcomhaontú sin, ní fhéadfaidh siad rochtain a fháil ar nósanna imeachta soláthair an Aontais agus d'fhéadfaí iad a eisiamh***.

***[1a] C(2019) 5494 final***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (12) Maidir leis ***na cuspóirí*** feabhas a chur ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargaí soláthair ***phoiblí*** agus lamháltas tríú tíortha áirithe ***atá faoi chosaint ag bearta nó cleachtais shriantacha agus idirdhealaitheacha soláthair agus maidir leis an gcuspóir dálaí cothroma iomaíochta a chaomhnú laistigh den mhargadh inmheánach, chun iad a bhaint amach is gá dul i muinín na rialacha neamhfhabhracha*** maidir le tionscnamh ***atá bunaithe i reachtaíocht an Aontais maidir le custam, sa chaoi is go mbeidh a fhios ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha an bhfuil*** earraí agus seirbhísí ***cumhdaithe ag gealltanais idirnáisiúnta an Aontais***. | (12) Chun ***aon bheart arna ghlacadh faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach d'fhonn*** feabhas a chur ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargaí soláthair agus lamháltas tríú tíortha áirithe, ***tá gá le sraith shoiléir*** rialacha tionscnaimh ***d'oibreoirí eacnamaíocha***, d'earraí agus do sheirbhísí. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (13) Ba cheart tionscnamh earraí a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal ***22*** go hAirteagal ***26*** de Rialachán ***(CEE)*** Uimh. ***2913/1992***[5] ón ***gComhairle***. | (13) Ba cheart tionscnamh earraí a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal ***59*** go hAirteagal ***62*** de Rialachán ***(AE)*** Uimh. ***952/2013***[5] ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. |
| ***[5] Rialachán (CEE) Uimh. 2913/1992 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 9.10.1992, lch. 1).*** | ***[5] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart tionscnamh seirbhíse a chinneadh ar bhonn thionscnamh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá á soláthar. | (14) Ba cheart tionscnamh seirbhíse a chinneadh ar bhonn thionscnamh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá á soláthar. ***Ba cheart tionscnamh duine dhlítheanaigh a mheas mar an tír ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe faoina dlíthe nó ina bhfuil sé curtha ar bun faoi dhlíthe na tíre sin agus a bhfuil sé ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ar a críoch. Níor cheart go bhfágfadh critéar na n-oibríochtaí substainteacha gnó go bhféadfaí teacht timpeall ar aon bheart arna ghlacadh faoin Rialachán seo trí chuideachtaí caocha a chruthú. Is coincheap é an téarma 'oibríochtaí substainteacha gnó' a úsáidtear i gComhaontú Ginearálta EDT maidir le Trádáil Seirbhísí. I ndlí an Aontais tá sé coibhéiseach leis an téarma 'nasc éifeachtach leanúnach leis an ngeilleagar' agus tá dlúthbhaint aige leis an gceart bunaíochta a leagtar amach in Airteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Foilsíonn an Coimisiún treoirlínte go rialta bunaithe ar an gcásdlí a bhaineann leis an gceart bunaíochta, lena dtugtar aghaidh, inter alia, ar an gcoincheap gurbh ann do nasc éifeachtach, cobhsaí agus leanúnach leis an ngeilleagar. In Airteagal 86 de Threoir 2014/25/AE tagraítear freisin don choincheap "nasc díreach agus éifeachtach leis an ngeilleagar" atá coibhéiseach leis an gcoincheap 'oibríochtaí substainteacha gnó'.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(15) I bhfianaise an chuspóra beartais ghinearálta atá ag an Aontas tacú le fás*** | ***scriosta*** |

***eacnamaíoch tíortha atá i mbéal forbartha agus le lánpháirtiú na dtíortha sin sa slabhra luacha domhanda, an rud arb é is bun leis an Aontas córas ginearálta um fhabhair a bhunú mar atá tuairiscithe i Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le tairiscintí inar earraí agus seirbhísí níos mó ná 50 % de luach iomlán na tairisceana, ar earraí agus seirbhísí iad atá de thionscnamh, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le tionscnamh, tíortha atá ar na tíortha is lú forbairt a thairbhíonn den socrú 'Gach Ní seachas Airm' nó de thionscnamh tíortha atá i mbéal forbartha agus a mheastar a bheith leochaileach de dheasca easpa éagsúlaithe agus gan a bheith lánpháirtithe a ndóthain sa chóras idirnáisiúnta trádála, mar atá sainithe in Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.***

______________________

***[6] Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(16) I bhfianaise an chuspóra beartais ghinearálta atá ag an Aontas tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán*** | ***scriosta*** |

***seo maidir le tairiscintí arna ndéanamh ag FBManna atá bunaithe san Aontas agus atá ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha a bhfuil nasc díreach éifeachtach acu le geilleagar Ballstáit amháin ar a laghad.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17:**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún cé acu atá nó nach bhfuil bearta nó cleachtais soláthair ***atá sriantach agus/nó idirdhealaitheach*** i dtríú tír, ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a dhéanann dlíthe soláthair na tíre i gceist maidir le soláthar ***poiblí*** agus tairiscintí trédhearcacht a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta ***i réimse an tsoláthair phoiblí*** agus a mhéid ***a choscann siad aon idirdhealú*** i leith earraí, seirbhísí ***agus*** oibreoirí eacnamaíocha an Aontais. Lena chois sin, ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a leanann nó a ghlacann údaráis chonarthacha agus/nó eintitis chonarthacha aonair cleachtais ***idirdhealaitheacha*** i leith earraí, seirbhísí ***agus*** oibreoirí an Aontais. | (17) Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún cé acu atá nó nach bhfuil bearta nó cleachtais ***shonracha*** i dtríú tír ***a d'fhéadfadh lagú a dhéanamh ar an rochtain atá ag earraí, seirbhísí nó oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar na margaí soláthair nó lamháltais***, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a dhéanann dlíthe, ***rialacha nó bearta eile*** maidir le soláthar agus lamháltais na tíre lena mbaineann trédhearcacht a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, agus ***nach bhfuil srianta tromchúiseacha athfhillteacha*** i gcoinne earraí, seirbhísí ***nó*** oibreoirí eacnamaíocha an Aontais mar thoradh orthu. Lena chois sin, ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a leanann nó a ghlacann údaráis chonarthacha agus/nó eintitis chonarthacha aonair cleachtais ***shriantacha*** i leith earraí, seirbhísí ***nó*** oibreoirí eacnamaíocha an Aontais. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann***, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó pháirtithe leasmhara nó ó Bhallstát,*** imscrúdú a thionscnamh faoi bhearta nó cleachtais shriantacha soláthair a | (19) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann imscrúdú ***trédhearcach*** a thionscnamh aon uair faoi bhearta nó cleachtais shriantacha nó ***idirdhealaitheacha*** soláthair a líomhnaítear a bheith ar siúl nó |

| | |
|---|---|
| líomhnaítear a bheith ar siúl nó glactha ag tríú tír. ***Ba cheart na nósanna imeachta imscrúdaithe sin a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** | glactha ag tríú tír***, más rud é go measann sé go mbeidh an t-imscrúdú sin chun leas an Aontais***. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Ba cheart an cinneadh i dtaobh an mbeidh imscrúdú chun leasa an Aontais a bhunú ar thuiscint ar na leasanna éagsúla ina n-iomláine, lena n-áirítear leasanna thionscal, úsáideoirí, thomhaltóirí, oibrithe agus chomhpháirtithe sóisialta an Aontais. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún na hiarmhairtí a bhainfeadh le himscrúdú a thosú nó gan imscrúdú a thosú a mheas i bhfianaise an tionchair a bheadh ag imscrúdú, agus na mbeart a d'fhéadfaí a ghlacadh faoin Rialachán seo, agus leasanna níos leithne an Aontais á meas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcuspóir ginearálta maidir le cómhalartacht a bhaint amach trí mhargaí tríú tíortha a oscailt agus trí fheabhas a chur ar na deiseanna maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar an margadh, agus sa chomhthéacs sin d'fhéadfaí láithreacht táirgeoirí tríú tíortha ar mhargadh soláthair AE a chur san áireamh. Ba cheart an cuspóir maidir le haon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a theorannú d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha mar aon le hoibreoirí eacnamaíocha a chur san áireamh freisin. Ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar earnálacha a meastar a bheith straitéiseach maidir le soláthar poiblí an*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Aontais.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(19b) I bhfianaise chuspóir foriomlán beartais an Aontais tacú le fás eacnamaíoch na dtíortha is lú forbairt (TLFanna) agus tíortha ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim, agus a gcomhtháthú i slabhraí luacha domhanda, ní bheadh sé chun leasa an Aontais imscrúdú a thosú i gcoinne na dtíortha sin faoin Rialachán seo, ach amháin má tá tásca réasúnta ann go bhfuiltear ag teacht timpeall ar aon bhearta IPI atá glactha. Dá réir sin, níl sé i gceist go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le TLFanna a thairbhíonn den socrú 'Gach Ní seachas Airm,' tíortha atá i mbéal forbartha a meastar a bheith leochaileach mar gheall ar easpa eagsúlaithe agus comhtháthú neamhleor laistigh den chóras trádála idirnáisiúnta, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, nó maidir le tíortha ar tairbhithe iad den socrú ginearálta dá dtagraítear sa Rialachán sin, ach amháin má mheastar go bhfuil geilleagar na dtíortha sin iomaíoch sna hearnálacha lena mbaineann.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (20) ***Má dhearbhaítear go bhfuil beartas nó cleachtas soláthair atá sriantach agus/nó idirdhealaitheach ar*** | (20) ***Agus an t-imscrúdú á dhéanamh aige,*** ba cheart don Choimisiún iarraidh ar an ***tríú*** tír tús a chur le comhairliúchán |

***siúl ag tríú tír,*** ba cheart don Choimisiún iarraidh ar an tír sin tús a chur le comhairliúchán d'fhonn feabhas a chur ar na deiseanna tairisceana atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ***i dtaca le soláthar poiblí*** sa tír sin.

d'fhonn ***deireadh a chur le haon bhearta sriantacha nó aon chleachtais shriantacha agus feabhas a chur ar*** na deiseanna tairisceana atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ***maidir le margaí*** soláthair ***agus lamháltas*** sa tír sin.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Mura bhfuil mar thoradh ar an gcomhairliúchán leis an tír sin feabhas ***leordhóthanach*** ar na deiseanna tairisceana atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais laistigh d'achar ama réasúnta, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún***, nuair is iomchuí, bearta coigeartaithe praghais a ghlacadh a mbeadh feidhm aige maidir le tairiscintí arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na tíre sin agus/nó maidir le hearraí agus seirbhísí de thionscnamh na tíre sin freisin.*** | (22) Má dhearbhaítear leis ***an imscrúdú gurb ann do bhearta sriantacha nó do chleachtais shriantacha agus*** mura rud é go leanfaidh ***gníomhaíochtaí ceartaitheacha sásúla*** as na comhairliúcháin leis an tír i dtrácht, ***ar gníomhaíochtaí iad a mbeidh mar thoradh orthu leigheas éifeachtach ar an lagú tromchúiseach agus athfhillteach ar rochtain*** d'oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais laistigh d'achar ama réasúnta, ***nó i gcás ina ndiúltaíonn an tríú tír i dtrácht dul i mbun comhairliúchán,*** ba cheart go nglacfadh an Coimisiún, ***faoin Rialachán seo, bearta IPI i bhfoirm coigeartú scóir nó tairiscintí a eisiamh.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(23) Níor cheart bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin chun meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí a chuimsíonn earraí nó seirbhísí de thionscnamh na tíre lena mbaineann. Ionas nach bhféadfar teacht timpeall ar na bearta sin, d'fhéadfadh sé gur ghá*** | ***(23) Níor cheart feidhm a bheith ag beart coigeartaithe scóir ach amháin chun críche meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na tíre lena mbaineann. Níor cheart go ndéanfadh sé aon difear don phraghas*** |

***díriú ar dhaoine dlítheanacha áirithe atá faoi rialú coigríche nó faoi úinéireacht choigríche, ar daoine iad, cé go bhfuil siad bunaithe san Aontas Eorpach, nach bhfuil ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó a bhfuil baint dhíreach éifeachtach acu le geilleagar Ballstáit amháin ar a laghad. Níor cheart na bearta iomchuí a bheith díréireach leis na cleachtais shriantacha soláthair a bhfuil siad ceaptha dul i ngleic leo.***

***iarbhír atá le híoc faoin gconradh a dhéanfar leis an tairgeoir a n-éireoidh leis.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Ba cheart feidhm a bheith ag bearta IPI maidir le nósanna imeachta soláthair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear comhaontuithe réime agus córais dhinimiciúla ceannaigh. Ba cheart feidhm a bheith ag bearta IPI freisin i gcás conarthaí sonracha arna ndámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, i gcás ina bhfuil na córais dhinimiciúla ceannaigh sin faoi réir bheart IPI. Níor cheart feidhm a bheith acu, áfach, maidir leis na conarthaí sin atá faoi bhun tairseach áirithe d'fhonn teorainn a chur leis an ualach foriomlán riaracháin atá ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha. Chun cur i bhfeidhm dúbailte féideartha bhearta IPI a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta sin maidir le conarthaí arna ndámhachtain bunaithe ar chreat-chomhaontú, a luaithe a bheidh bearta IPI curtha i bhfeidhm cheana féin ag an gcéim a tugadh an creat-chomhaontú sin i gcrích.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23b) I bhfianaise chuspóir foriomlán beartais an Aontais tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ba cheart don Choimisiún agus d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha aird chuí a thabhairt ar éifeachtaí an Rialacháin seo, d'fhonn nach gcuirfí ró-ualach ar FBManna. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoirlínte a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais chun an cuspóir sin a bhaint amach, chun éifeachtúlacht an Rialacháin seo agus comhsheasmhacht a chur chun feidhme a áirithiú.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23c) Chun aon teacht timpeall a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheart IPI a sheachaint, ba cheart oibleagáidí conarthacha breise a fhorchur ar thairgeoirí a n-éireoidh leo. Níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí sin ach amháin i gcás nósanna imeachta soláthair a bhfuil beart IPI infheidhme maidir leo, chomh maith le conarthaí arna ndámhachtain bunaithe ar chreat-chomhaontú i gcás ina bhfuil na conarthaí sin cothrom le tairseach áirithe nó os a chionn agus i gcás ina bhfuil an creat-chomhaontú sin faoi réir bheart IPI.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) Níor cheart drochthionchar a bheith ag bearta coigeartaithe praghais ar chaibidlíocht trádála a bheadh ar siúl leis an tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil tír i mbun caibidlíocht shubstainteach leis an Aontas maidir le rochtain ar an margadh i réimse an tsoláthair phoiblí, féadfaidh an Coimisiún na bearta a chur ar fionraí le linn na caibidlíochta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(25) D'fhonn simpliú a dhéanamh d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha beart coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm, ba cheart glacadh leis, maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha uile atá de thionscnamh tríú tír nach bhfuil aon chomhaontú soláthair déanta léi, go mbeidh na hoibreoirí sin uile faoi réir an bhirt, ach amháin más féidir leo a léiriú gur earraí nó seirbhísí de thionscnamh an tríú tír lena mbaineann iad níos lú ná 50 % de luach iomlán a dtairisceana.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(26) Is iad na Ballstáit is fearr is féidir a dhéanamh amach cé hiad na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha, nó na catagóirí d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha, ar cheart dóibh an beart coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm. Chun a áirithiú go ndéanfar gníomh leordhóthanach agus go roinnfear an t-ualach go cothrom ar na Ballstáit, ba cheart gurb é an Coimisiún a dhéanfadh an cinneadh deiridh, ar bhonn liosta ó gach Ballstát. I gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún liosta a chur i dtoll a chéile ar a thionscnamh féin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is den ríthábhacht go mbeadh rochtain ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha, ag praghas iomaíoch, ar raon táirgí ardchaighdeáin a riarann dá riachtanais cheannaithe. Dá bhrí sin, ba cheart údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a bheith in ann ***gan*** bearta ***coigeartaithe praghais*** a chuireann srian ar an rochtain ar earraí nach bhfuil cumhdaithe a chur i bhfeidhm ***sa chás*** nach bhfuil aon earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais ná earraí nó seirbhísí atá cumhdaithe a riarann do riachtanais an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh maidir le bunleasanna poiblí, amhail ***réimse na sláinte nó slándála poiblí a chosaint***, nó sa chás gurb é ***toradh a bheadh ar chur i bhfeidhm an bhirt i gceist méadú díréireach ar phraghas nó ar chostais an chonartha.*** | (27) Is den ríthábhachtacht go mbeadh rochtain ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha, ag praghas iomaíoch, ar raon táirgí ardchaighdeáin a riarann dá riachtanais cheannaithe. Dá bhrí sin ba cheart go mbeadh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha in ann***, ar bhonn eisceachtúil, gan*** bearta ***IPI*** a chur i bhfeidhm lena gcuirtear teorainn le rochtain earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe ***mura bhfuil*** aon earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais agus/nó atá cumhdaithe ann a chomhlíonann ceanglais an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh ***nó i gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht sin le*** riachtanais riachtanacha ***beartais*** phoiblí ***a choimirciú***, amhail ***maidir leis an tslándáil phoiblí nó cosaint an chomhshaoil. Ba cheart formheas an Choimisiúin a bheith riachtanach chun na heisceachtaí sin*** a chur i bhfeidhm. ***Ba cheart do na húdaráis*** |

| | |
|---|---|
| | ***chonarthacha agus na heintitis chonarthacha fógra a thabhairt don Choimisiún ar bhealach tráthúil agus cuimsitheach ionas gur féidir faireachán iomchuí a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) I gcás ina ndéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha eisceachtaí ar bhearta ***coigeartaithe praghais*** a chuireann srian ar rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe a chur chun mífheidhme, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann sásra ceartaitheach Airteagal 3 de Threoir 89/665/CEE[20] ón gComhairle nó Airteagal 8 de Threoir 92/13/CEE[21] ón gComhairle a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, aon chonradh a nó thugann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***coigeartaithe praghais*** a chuireann srian ar rochtain earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe, ba cheart é a bheith gan éifeacht. | (28) I gcás ina ndéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha eisceachtaí ar bhearta ***IPI*** a chur chun mífheidhme, ar bearta iad a chuireann srian ar rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann sásra ceartaitheach Airteagal 3 de Threoir 89/665/CEE[20] ón gComhairle nó Airteagal 8 de Threoir 92/13/CEE[21] ón gComhairle a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, aon chonradh a thugann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***IPI*** a chuireann srian ar rochtain earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe, ba cheart é a bheith gan éifeacht. |
| [20] Treoir 89/665/CEE ón gComhairle maidir le comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, ar rialacháin agus ar fhorálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33). | [20] Treoir 89/665/CEE ón gComhairle maidir le comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, ar rialacháin agus ar fhorálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33). |
| [21] Treoir 92/13/CEE ón gComhairle lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in | [21] Treoir 92/13/CEE ón gComhairle lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in |

| | |
|---|---|
| earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide (IO L 76, 23.3.1992, lch. 14). | earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide (IO L 76, 23.3.1992, lch. 14). |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Is é an nós imeachta scrúdúcháin ba cheart a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i leith beart ***coigeartaithe praghais*** a ghlacadh, a tharraingt siar, ***nó*** a chur ar fionraí nó a athbhunú. | (30) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le beart ***IPI*** a ghlacadh, a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a athbhunú ***agus ba cheart don Choimisiún cúnamh a fháil ón gCoiste arna bhunú le Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] (an 'Rialachán maidir le Bacainní Trádála'). Más gá agus d'ábhair a dhéanann difear do chreat dlíthiúil an Aontais maidir le soláthar poiblí, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann comhairle a lorg ón gCoiste Comhairleach um Sholáthar Poiblí a bunaíodh le Cinneadh 71/306/CEE ón gComhairle.***<br>____________<br>[22] ***Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1).*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Níor cheart faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid ach amháin chun na críche ar iarradh í ina leith agus urraim chuí á tabhairt do na ceanglais is infheidhme de chuid an Aontais agus do na ceanglais náisiúnta maidir le cosaint sonraí agus rúndacht. Ba cheart feidhm dá réir a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus ag Airteagal 28 de Threoir 2014/23/AE, ag Airteagal 21 de Threoir 2014/24/AE agus ag Airteagal 39 de Threoir 2014/25/AE.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ach an Coimisiún ***tuairisciú rialta a dhéanamh***, ba cheart ***go bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm*** agus ar éifeachtúlacht ***na nósanna imeachta arna mbunú*** leis an Rialacháin seo. | (32) ***I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr***[1a] ***agus d'fhonn, inter alia***, ***an t-ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, a laghdú***, ba cheart don, Choimisiún ***athbhreithniú rialta a dhéanamh*** ar raon ***feidhme, feidhmiú*** agus éifeachtúlacht an Rialacháin seo. ***Ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. D'fhéadfadh tograí iomchuí reachtacha teacht mar thoradh ar an athbhreithniú.***<br><br>***Foráiltear le Rialachán 2018/46/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (dá ngairtear 'an Rialachán Airgeadais' anseo feasta) gur cheart go mbeadh rialacha soláthair agus prionsabail soláthair is infheidhme maidir le conarthaí poiblí arna ndámhachtain ag institiúidí an Aontais as a stuaim féin bunaithe ar na rialacha a leagtar amach*** |

| | |
|---|---|
| | ***in acquis ábhartha AE maidir le soláthar poiblí. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán Airgeadais, is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm Rialachán IPI freisin maidir le conarthaí poiblí arna ndámhachtain ag institiúidí an Aontais.*** |
| | ***[1a] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(33) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí, d'fhonn an bunchuspóir comhbheartas seachtrach i réimse an tsoláthair phoiblí a bhaint amach, comhrialacha a leagan síos maidir le conas caitheamh le tairiscintí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe ag gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atáthar a shaothrú a bhaint amach, i gcomhréir leis an tríú gceathrú mír d'Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo leagtar síos | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo |

rialacha maidir le bunaítear bearta atá ceaptha feabhas a chur ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair ***phoiblí*** agus lamháltas tríú tíortha. Leagtar síos leis nósanna imeachta maidir leis an gCoimisiún imscrúdaithe a dhéanamh ar bhearta nó ar chleachtais ***shriantacha agus idirdhealaitheacha soláthair a líomhnaítear a bheith ar siúl nó glactha ag tríú tiortha earraí agus seirbhísí tríú tíortha*** ar chonarthaí a dhámhann in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais agus maidir lena dhul i mbun comhairliúchán leis na tíortha lena mbaineann.

bearta atá ceaptha feabhas a chur ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair agus lamháltas tríú tíortha ***maidir le soláthar nach bhfuil cumhdaithe.*** Leagtar síos leis nósanna imeachta ionas gur féidir leis an gCoimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar bhearta nó ar chleachtais ***tríú tír*** a líomhnaítear a bheith ar siúl i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais, agus dul i mbun comhairliúchán leis na tríú tíortha lena mbaineann.

Déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht bearta ***coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm maidir le tairiscintí áirithe le haghaidh conarthaí chun oibreacha nó obair a dhéanamh, le haghaidh earraí a sholáthar agus/nó seirbhísí a sholáthar agus le haghaidh lamháltas, ar bhonn thionscnamh*** na n-oibreoirí eacnamaíocha, na n-earraí nó na seirbhísí ***lena mbaineann***.

Foráiltear leis ***an Rialachán seo go bhféadfaidh an Coimisiún bearta IPI a fhorchur, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i ndáil leis na bearta nó na cleachtais tríú tír sin chun srian a chur ar an rochtain*** atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí nó seirbhísí ***ó thríú tíortha ar nósanna imeachta soláthair an Aontais***.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***conarthaí*** atá cumhdaithe ag na gníomhartha seo a leanas: | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***nósanna imeachta soláthair*** atá cumhdaithe ag na gníomhartha seo a leanas: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le dámhachtain conarthaí soláthair earraí agus/nó seirbhísí agus maidir le dámhachtain lamháltas oibreacha agus seirbhísí. Ní bheidh feidhm aige ach amháin i gcás ina bhfuil na hearraí nó na seirbhísí á soláthar chun críocha rialtasacha. Ní bheidh feidhm aige i gcás ina gceannaítear na earraí d'fhonn iad athdhíol nó d'fhonn iad a athúsáid i soláthar seirbhísí a athdhíolfar. Ní bheidh feidhm aige i gcás ina gceannaítear na seirbhísí d'fhonn iad athdhíol nó d'fhonn iad a athúsáid i soláthar seirbhísí a athdhíolfar.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le bearta nó cleachtais soláthair atá sriantach agus/nó idirdhealaitheach, arna gcur chun feidhme ag tríú tír i ndáil le ceannach earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe. Beidh cur chun feidhme an Rialacháin seo gan dochar d'aon oibleagáidí idirnáisiúnta atá ar an Aontas.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'aon oibleagáidí idirnáisiúnta de chuid an Aontais ná do bhearta a fhéadfaidh na*** |

| | |
|---|---|
| | ***Ballstáit agus a n-údaráis chonarthacha agus a n-eintitis chonarthacha a dhéanamh i gcomhréir leis na gníomhartha dá dtagraítear i mír 2.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair a sheolfar tar éis a theacht i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm ag beart IPI ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair a chumhdaítear leis an mbeart IPI agus a sheoltar tráth ar bith idir teacht i bhfeidhm an bhirt IPI sin agus dul in éag, tarraingt siar nó fionraí an bhirt IPI. Áireoidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tagairt do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus aon bheart IPI is infheidhme sna doiciméid soláthair maidir le nósanna imeachta a thagann faoi raon feidhme birt IPI.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Chun ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus saothair a chomhtháthú go hiomchuí le nósanna imeachta dámhachtana soláthair phoiblí agus le nós imeachta lamháltais, déanfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha bearta ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí comhshaoil, sóisialta agus saothair a*** |

| | |
|---|---|
| | ***eascraíonn as dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus ó chomhaontuithe comhchoiteanna atá i gcomhréir le dlí an Aontais, is infheidhme maidir leis an gconradh soláthair. Ar an gcaoi chéanna, beidh feidhm ag oibleagáidí a eascraíonn as coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá daingnithe ag na Ballstáit go léir agus a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE le linn fhorghníomhú an chonartha.*** |
| | ***Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon deacrachtaí, i ndlí nó i bhfíoras, a bhí ag a n-oibreoirí eacnamaíocha agus a thuairiscigh siad agus a tharla mar thoradh ar neamhchomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta comhshaoil, shóisialta agus saothair dá dtagraítear i bhfomhír 1, i gcás ina ndearna na gnóthais sin iarracht dámhachtain conarthaí a fháil laistigh de AE nó i dtríú tíortha.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' ***aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas poiblí nó aon ghrúpa daoine agus/nó eintiteas dá leithéid, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach gnóthas, a chuireann tairiscint isteach ar oibreacha nó ar obair a dhéanamh, ar earraí a sholáthar nó ar sheirbhís a sholáthar ar an margadh;*** | (a) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' ***oibreoir eacnamaíoch mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) ciallaíonn 'earraí' earraí dá dtagraítear i gcuspóir na tairisceana soláthair phoiblí agus i sonraíochtaí an chonartha, ach ní chumhdaíonn siad aon ionchur, aon ábhar nó aon chomhábhar atá ionchorpraithe sna hearraí arna soláthar;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) ciallaíonn 'luach measta' luach measta conartha a ríomhtar i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) ciallaíonn 'fianaise' aon fhaisnéis, deimhniú, doiciméad tacaíochta, ráiteas agus modhanna cruthúnais eile arb é is aidhm dóibh a chruthú go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 9a(1)(c) á gcomhlíonadh, amhail:***<br><br>***(i) deimhnithe tionscnaimh, dearbhuithe soláthraí nó dearbhuithe allmhairiúcháin maidir le hearraí de*** |

| | |
|---|---|
| | ***thionscnamh tríú tíortha;*** |
| | ***(ii) tuairisc ar na próisis mhonaraíochta (lena n-áirítear samplaí, tuairiscí nó grianghraif) le haghaidh earraí atá le soláthar;*** |
| | ***(iii) sliocht de chláir ábhartha nó de ráitis airgeadais do thionscnamh na seirbhísí, lena n-áirítear uimhir aitheantais CBL;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ad) ciallaíonn 'beart coigeartaithe scóir' an laghdú coibhneasta a dhéantar ar chéatadán áirithe de scór tairisceana mar thoradh ar mheastóireacht a rinne údarás conarthach nó eintiteas conarthach ar bhonn na gcritéar dámhachtana conartha a shainítear sna doiciméid soláthair; I gcásanna inarb é an praghas nó an costas an t-aon chritéar dámhachtana conartha, ciallaíonn 'an beart coigeartaithe scóir' an méadú coibhneasta, chun críche meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí, le céatadán áirithe den phraghas atá á thairiscint ag tairgeoir;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***ciallaíonn 'údarás conarthach' údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE;*** | (b) ciallaíonn 'údarás conarthach' údarás conarthach ***mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/23/AE,*** 2014/24/AE ***agus 2014/25/AE***; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ciallaíonn ‘eintiteas conarthach’ eintiteas conarthach mar a shainmhínítear in ***Airteagal 4(1) de*** Threoir ***2014/25/AE*** agus ***Airteagal 7 de Threoir 2014/23/AE***; | (c) ciallaíonn ‘eintiteas conarthach’ eintiteas conarthach mar a shainmhínítear i dTreoracha ***2014/23/AE*** agus ***2014/25/AE***; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) ciallaíonn ‘páirtí leasmhar’ aon duine nó eintiteas a bhféadfadh beart tríú tír, amhail gnóthais, comhlachas gnóthas, comhlachais trádála, ceardchumainn, nó eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí, difear a dhéanamh dá leas;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) ciallaíonn ‘earraí nó seirbhísí atá cumhdaithe’ earraí nó seirbhísí de thionscnamh tíre a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas léi i réimse an tsoláthair phoiblí agus/nó lamháltas, lena n-áirítear gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, agus ar earra nó seirbhís é a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú ábhartha maidir leis.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) ciallaíonn 'seirbhísí nó earraí nach bhfuil cumhdaithe' earraí nó seirbhísí de thionscnamh tíre nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas léi i réimse an tsoláthair phoiblí nó na lamháltas, lena n-áirítear gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, nó mar aon le hearraí nó seirbhís de thionscnamh tíre a bhfuil comhaontú den sórt sin tugtha i gcrích ag an Aontas léi, ach nach bhfuil feidhm ag an gcomhaontú ábhartha i ndáil leis;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ciallaíonn beart nó cleachtas ***'soláthair atá sriantach agus/nó idirdhealaitheach'*** aon bheart, nós imeachta nó cleachtas de chineál reachtach, rialaitheach nó riaracháin, nó aon chomhcheangal de na nithe sin, atá glactha nó ar siúl ag údaráis phoiblí nó ag údaráis chonarthacha aonair nó ag eintitis chonarthacha aonair i dtríú tír, agus a bhfuil mar thoradh air bac tromchúiseach a chur arís is arís ar rochtain earraí, seirbhísí agus/nó oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar ***mhargadh soláthair phoiblí nó lamháltas na tíre sin***; | (f) ciallaíonn 'beart nó cleachtas ***tríú tír'*** aon bheart, nós imeachta nó cleachtas reachtach, rialaitheach nó riaracháin, nó aon chomhcheangal de na nithe sin***, ar de chineál ginearálta é, ag eascairt as beartas náisiúnta nó fonáisiúnta,*** atá glactha nó ar siúl ag údaráis phoiblí nó ag údaráis chonarthacha aonair nó ag eintitis chonarthacha aonair i dtríú tír, agus a bhfuil mar thoradh air bac tromchúiseach a chur arís is arís ar rochtain earraí, seirbhísí agus/nó oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar ***mhargaí*** soláthair nó lamháltais mar thoradh air. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) ciallaíonn 'beart IPI' beart arna ghlacadh ag an gCoimisiún faoin Rialachán seo lena dteorannaítear an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha agus/nó earraí agus seirbhísí de thionscnamh tríú tíortha ar mhargadh soláthair nó lamháltas an Aontais i réimse an tsoláthair neamhchumhdaithe;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) ciallaíonn 'soláthar neamhchumhdaithe' nósanna imeachta soláthair phoiblí le haghaidh earraí, seirbhísí nó lamháltas nach bhfuil gealltanais maidir le rochtain ar an margadh déanta ag an Aontas ina leith i gcomhaontú idirnáisiúnta i réimse an tsoláthair phoiblí nó na lamháltas;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fc) ciallaíonn 'conarthaí' 'conarthaí poiblí' mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/24/AE, 'lamháltais' mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/23/AE agus 'conarthaí soláthair, conarthaí oibreacha agus conarthaí seirbhíse' mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/25/AE;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fd) ciallaíonn 'tairgeoir' tairgeoir mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) ciallaíonn 'fochonraitheoireacht' go socraítear go ndéanann tríú páirtí cuid de chonradh a chomhlíonadh; ní mheastar gur fochonraitheoireacht é seachadadh simplí earraí nó codanna is gá chun seirbhís a sholáthar.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(h) ciallaíonn 'FBM' FBM mar atá sainmhínithe i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún.*** | ***scriosta*** |
| ***[23] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).*** | |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críche an Rialacháin seo, measfar gur soláthar seirbhíse é aon obair ***agus/***nó oibreacha a dhéantar de réir bhrí Threoracha ***2014/25/AE***, 2014/24/AE agus Threoir ***2014/23/AE***. | 2. Chun críche an Rialacháin seo, ***cé is moite d'Airteagail 8a(3) agus 8a(7) de,*** measfar gur soláthar seirbhíse é aon obair nó oibreacha a dhéantar de réir bhrí Threoracha ***2014/23/AE***, 2014/24/AE agus Threoir ***2014/25/AE***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Rialacha*** tionscnaimh | ***Cinneadh*** tionscnaimh |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1. Cinnfear tionscnamh earra i gcomhréir le hAirteagal 22 go hAirteagal 26 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/1992 ón gComhairle[24].*** | ***scriosta*** |

***[24] Rialachán (CEE) Uimh. 2913/1992 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1).***

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Cinnfear tionscnamh seirbhíse ar bhonn thionscnamh an oibreora eacnamaíoch a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás duine nádúrtha, an tír ar náisiúnach di é nó an tír a bhfuil ceart buanchónaithe ***aige*** inti; | (a) i gcás duine nádúrtha, an tír ar náisiúnach di é nó an tír a bhfuil ceart buanchónaithe ***ag an duine sin*** inti; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b – fophointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***mura soláthraítear an tseirbhís trí láithreacht tráchtála laistigh den Aontas,*** an tír ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe faoina dlíthe nó ina bhfuil sé curtha ar bun ar shlí eile faoi dhlíthe na tíre sin agus a bhfuil sé ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ar a críoch; | (i) an tír ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe faoina dlíthe nó ina bhfuil sé curtha ar bun ar shlí eile faoi dhlíthe na tíre sin agus a bhfuil sé ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ar a críoch***, a bhfuil baint dhíreach éifeachtach acu le geilleagar na tíre lena mbaineann***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b – fophointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) an Ballstát ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe agus ina bhfuil sé ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ar a chríoch a bhfuil baint dhíreach | (ii) ***mura*** bhfuil an duine dlítheanach ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ***ar chríoch na tíre ina bhfuil sé bunaithe nó ina bhfuil sé ag gabháil do*** |

| | |
|---|---|
| éifeachtach acu le geilleagar an Bhallstáit lena mbaineann. | ***ghníomhaíocht ar shlí eile, is é a bheidh mar thionscnamh ag an duine dlítheanach ná duine nó daoine a d'fhéadfadh tionchar ceannasach a imirt, go díreach nó go hindíreach, ar an duine dlítheanach de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirtíocht airgeadais ann, nó de bhua na rialacha lena rialaítear é.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha phointe (b)(ii) den chéad fhomhír mura bhfuil an duine dlítheanach ag gabháil do ghníomhaíochtaí substainteacha gnó a bhfuil baint dhíreach éifeachtach acu le geilleagar Ballstáit, is éard a bheidh i dtionscnamh an duine dhlítheanigh tionscnamh an duine nó na ndaoine a bhfuil an duine dlítheanach sin faoina stiúir. | Chun críocha phointe (b) (ii) den chéad fhomhír, ***toimhdeofar go bhfuil tionchar ceannasach ag an duine sin nó ag na daoine sin ar an duine dlítheanach in aon cheann de na cásanna seo a leanas, go díreach nó go hindíreach:*** |
| | ***(a) tá formhór de chaipiteal suibscríofa an duine dhlítheanigh acu;*** |
| | ***(b) rialaíonn siad formhór na vótaí a ghabhann leis na scaireanna arna n-eisiúint ag an duine dlítheanach;*** |
| | ***(c) is féidir leo níos mó ná leath de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an duine dhlítheanaigh a cheapadh.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Maidir le duine dlítheanach :measfar go bhfuil sé "faoi úinéireacht" daoine de*** | ***scriosta*** |

***chuid tíre áirithe i gcás ina bhfuil níos mó ná 50 % dá leas cothromais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine den tír sin.***

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Measfar go bhfuil duine dlítheanach "faoi rialú" ag daoine de chuid tíre áirithe, i gcás ina bhfuil sé de chumhacht ag na daoine sin tromlach de na stiúrthóirí a ainmniú nó a ghníomhaíochtaí a stiúradh go dlíthiúil ar bhealach eile.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás inar grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus/nó eintitis phoiblí é oibreoir eacnamaíoch, agus gur de thionscnamh tríú tír, ar a laghad, duine de na daoine sin nó ceann de na heintitis sin ina bhfuil oibreoirí eacnamaíocha agus earraí agus seirbhísí faoi réir beart IPI, beidh feidhm ag an mbeart IPI sin freisin maidir le tairiscintí arna gcur isteach ag an ngrúpa sin. Ní bheidh feidhm aige sin más lú ná 15 % de luach na tairisceana i gceist rannpháirtíocht na ndaoine nó na n-eintiteas sin i ngrúpa, ach amháin má tá na daoine nó na heintitis sin riachtanach chun tromlach ceann amháin ar a laghad de na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh i nós imeachta soláthair.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Féadfaidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha, tráth ar bith le linn an nós imeachta soláthair, a iarraidh ar an oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis nó an doiciméadacht a bhaineann le fíorú thionscnamh an oibreora eacnamaíoch a chur isteach, a shoiléiriú nó a chomhlánú laistigh de theorainn ama iomchuí, ar choinníoll go ndéantar na hiarrataí sin agus prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta a chomhlíonadh go hiomlán. Maidir le tairiscintí ó oibreoirí eacnamaíocha nach soláthraíonn an fhaisnéis nó an doiciméadacht sin, déanfar iad a dhiúltú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an nós imeachta dámhachtana*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Chun na hoibleagáidí conarthacha breise a chur i bhfeidhm maidir leis an tairgeoir a bhuann an conradh a leagtar amach in Airteagal 9a, déanfar tionscnamh earra a chinneadh i gcomhréir le hAirteagail 59 go 62 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, agus cinnfear tionscnamh seirbhíse ar bhonn thionscnamh an oibreora eacnamaíoch a sholáthraíonn í.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil 2 – teideal**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***Caibidil II*** | ***scriosta*** |
| ***Díolúintí*** | |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Díolmhófar tairiscintí ón Rialachán seo i gcás inar ***mó ná 50 % de luach iomlán na tairisceana earraí/agus nó seirbhísí ar earraí agus/nó seirbhísí iad*** de thionscnamh na dtíortha is lú forbairt atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012[27], agus de thionscnamh tíortha atá i mbéal forbartha agus a mheastar a bheith leochaileach de dheasca easpa éagsúlú agus gan a bheith lánpháirtithe a ndóthain sa chóras idirnáisiúnta trádála, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012. | Díolmhófar tairiscintí ón Rialachán seo i gcás ***inar chuir oibreoir eacnamaíoch iad,*** ar de thionscnamh na dtíortha is lú forbairt é atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012[27], agus de thionscnamh tíortha atá i mbéal forbartha agus a mheastar a bheith leochaileach de dheasca easpa éagsúlú agus gan a bheith lánpháirtithe a ndóthain sa chóras idirnáisiúnta trádála, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012. ***Féadfaidh an Coimisiún tairiscintí a dhíolmhú arna gcur isteach ag oibreoir eacnamaíoch de thionscnamh tíortha i mbéal forbartha ar tairbhithe iad den socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, ach amháin má mheastar go bhfuil geilleagar na dtíortha sin iomaíoch sna hearnálacha lena mbaineann.*** |
| [27] Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1). | [27] Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1). |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 5*** | ***scriosta*** |
| ***Díolúine maidir le tairiscintí arna gcur isteach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide*** | |
| ***Tairiscintí arna gcur isteach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide[28] atá bunaithe san Aontas agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí substainteacha gnó a bhfuil baint dhíreach éifeachtach acu le geilleagar Ballstáit amháin ar a laghad, beidh siad díolmhaithe ón Rialachán seo.*** | |
| ***[28] Mar atá sainmhínithe sa mholadh ón gCoimisiún dar dáta an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).*** | |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Imscrúduithe, comhairliúcháin agus bearta ***coigeartaithe praghais*** | Imscrúduithe, comhairliúcháin***,*** bearta ***agus oibleagáidí breise conarthacha*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Imscrúduithe | Imscrúduithe ***agus comhairliúcháin*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***I gcás*** ina measann an Coimisiún gur chun leas an Aontais é, ***féadfaidh sé*, *tráth ar bith,*** ar a thionscnamh féin nó ar ***iarratas*** ó ***pháirtithe***leasmhara nó ó Bhallstát, imscrúdú a thionscnamh i ndáil le***bearta nó cleachtais shriantacha agus/nó idirdhealaitheacha soláthair*** a líomhnaítear a bheith ann. ***Má thionscnaítear imscrúdú, foilseoidh an Coimisiún*** fógra faoi in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh****, lena n-iarrtar ar***pháirtithe leasmhara agus ar Bhallstáit ***gach faisnéis ábhartha*** a thabhairt don Choimisiún laistigh de thréimhse shonrach ama. | 1. ***Más rud é*** go measann an Coimisiún go mbeidh an t-imscrúdú sin chun leas an Aontais, ***déanfaidh*** sé ar a thionscnamh féin nó ar ***ghearán cuí-réasúnaithe*** ó ***pháirtí*** leasmhar ***de chuid an Aontais, ó Pharlaimint na hEorpa***, nó ó Bhallstát, imscrúdú seachtrach soláthair a thionscnamh ***faoi bheart nó cleachtas*** líomhnaithe ***de chuid tríú tír***, trí fhógra ***a fhoilsiú*** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. ***Áireofar san fhógra tionscnaimh réamh-mheasúnú an Choimisiúin ar bheart nó cleachtas an tríú tír agus iarrfar ar*** pháirtithe leasmhara an Aontais agus ar Bhallstáit faisnéis a thabhairt don Choimisiún laistigh de thréimhse shonrach ama. |
| | ***Cuirfidh an Coimisiún ar fáil ar a shuíomh gréasáin an fhoirm nach mór do na páirtithe leasmhara nó do na Ballstáit a chomhlánú chun gearán cuí-réasúnaithe a thíolacadh.*** |
| | ***Bunófar cinneadh faoin ngá le himscrúdú chun leasa an Aontais ar luachmhéadú na leasanna éagsúla ina n-iomláine, lena n-áirítear leasanna an tionscail bhaile agus úsáideoirí agus tomhaltóirí. Ní fhéadfar tús a chur le himscrúdú i gcás inar féidir leis an gCoimisiún, ar bhonn na faisnéise ar fad a thíolactar, a bhaint de thátal as go soiléir nach chun leasa an Aontais atá sé tús a chur leis an imscrúdú sin.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Nuair a fhoilseofar an fógra, iarrfaidh an Coimisiún ar an tríú tír lena mbaineann a tuairimí a chur faoi bhráid an Choimisiúin, faisnéis a sholáthar agus dul i gcomhairle leis an gCoimisiún chun an beart nó cleachtas líomhnaithe de chuid tríú tír a leigheas. Cuirfidh an Coimisiún na páirtithe leasmhara, Parlaimint na hEorpa, agus na Ballstáit ar an eolas go tráthrialta laistigh den Choiste arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] ('an Rialachán maidir le Bacainní Trádála').*** <br> ___________________ <br> ***[1a] Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1).*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil na bearta nó na chleachtais shriantacha agus/nó idirdhealaitheacha*** | 2. Tabharfar na ***himscrúduithe agus na comhairlúcháin*** i gcrích laistigh de thréimhse ***6*** mhí tar éis ***dháta foilsithe an*** |

***soláthair a líomhnaítear a bheith ann i bhfeidhm nó glactha ag an tríú tír lena mbaineann ar bhonn na faisnéise ó pháirtithe leasmhara agus Ballstáit, ar bhonn fíoras arna mbailiú ag an gCoimisiún le linn a imscrúdaithe, nó ar an dá rud sin.*** Críochnófar an ***measúnú*** laistigh de thréimhse ***8*** mí ón ***imscrúdú*** a thionscnamh. I gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfar ***4*** mhí ***a chur*** leis ***an tréimhse sin***.

***fhógra in Iris Oifigiúil an Aontais.*** I gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh ***an Coimisiún, roimh dheireadh na 6 mhí tosaigh, 3*** mhí ***a chur leis an tréimhse sin, trí fhógra a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus trí fhógra a thabhairt don tríú tír, do na páirtithe leasmhara, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit***.

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Nuair a bheidh an t-imscrúdú agus na comhairliúcháin tugtha i gcrích, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil don phobal ina leagfar amach príomhthorthaí an imscrúdaithe agus an ghníomhaíocht atá á beartú. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ***ina gcinneann*** an Coimisiún, ***de bharr an*** imscrúdaithe, nach bhfuil na ***bearta nó na cleachtais shriantacha agus/nó idirdhealaitheacha soláthair*** a líomhnaíodh, nach bhfuil siad i bhfeidhm nó nach mbíonn mar thoradh ***orthu srianta a chur ar*** an rochtain ***atá ag*** oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ná ag earraí ***agus*** seirbhísí an Aontais ar ***mhargaí*** soláthair nó lamháltais sa tríú tír ***lena mbaineann***, cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an imscrúdú. | 3. I gcás ***ina gcinneann*** an Coimisiún***, tar éis*** a imscrúdaithe***,*** nach bhfuil ***beart nó cleachtas*** líomhnaithe ***an tríú tír, nach bhfuil siad*** i bhfeidhm nó nach mbíonn mar thoradh orthu ***bac tromchúiseach a chur arís is arís ar*** rochtain oibreoirí eacnamaíocha an Aontais, earraí ***nó*** seirbhísí an Aontais ar ***mhargadh*** soláthair phoiblí nó lamháltais an tríú tír, cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an imscrúdú ***agus foilseoidh sé fógra um fhoirceannadh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Nuair a bheidh an t-imscrúdú críochnaithe ag an gCoimisiún, cuirfidh sé tuarascáil ar phríomhchinntí an imscrúdaithe ar fáil don phobal.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Féadfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú agus na comhairliúcháin a chur ar fionraí tráth ar bith más rud é, maidir leis an tríú tír:*** |
| | ***(a) go ndéanfaidh sí bearta ceartaitheacha sásúla chun an lagú tromchúiseach athfhillteach ar rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha de chuid an Aontais nó ag earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais a leigheas agus rochtain den sórt sin a fheabhsú go héifeachtach, nó*** |
| | ***(b) go dtabharfaidh sí gealltanais i leith an Aontais beart nó cleachtas an tríú tír a chríochnú nó a chéimniú amach laistigh de thréimhse réasúnta ama agus tráth nach déanaí ná 3 mhí.*** |
| | ***Fillfidh an Coimisiún ar an imscrúdú agus ar na comhairliúcháin tráth ar bith má chinneann sé nach bhfuil na cúiseanna leis an bhfionraí bailí a thuilleadh.*** |
| | ***Foilseoidh an Coimisiún fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcás ina ndéanfar an t-imscrúdú agus na comhairliúcháin a chur ar fionraí nó a*** |

| | |
|---|---|
| | ***atosú.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[…]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[…]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8 a*** |
| | ***Bearta IPI*** |
| | ***1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, tar éis imscrúdú agus comhairliúcháin de bhun Airteagal 6, go bhfuil beart nó cleachtas de chuid tríú tír ann, déanfaidh sé beart IPI a fhorchur trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag beart IPI ach amháin má thagann príomhchuspóir an nós imeachta soláthair faoi raon feidhme an ghnímh cur chun feidhme, mar a shonraítear i gcomhréir le mír 7 pointe (a). Ní cheapfar an nós imeachta soláthair agus é mar rún an nós imeachta sin a chur as an áireamh ó raon feidhme*** |

***an Rialacháin seo.***

***2. Cinnfear an beart IPI ar bhonn na gcritéar seo a leanas, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil:***

***(a) comhréireacht an bhirt IPI maidir le beart nó cleachtas an tríú tír;***

***(b) infhaighteacht foinsí malartacha soláthair do na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann, chun gur féidir drochthionchar suntasach ar údaráis chonarthacha nó ar eintitis chonarthacha a sheachaint nó a íoslaghdú.***

***(c) rannpháirtíocht na ngnóthas ón tríú tír a bhfuiltear ag díriú uirthi i ngníomhaíochtaí soláthair sa mhargadh inmheánach, rud a bhaineann leas as easpa cómhalartachta.***

***3. Ní bheidh feidhm ag an mbeart IPI ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair ag a bhfuil luach measta EUR 10 000 000 ar a laghad agus é glan ó cháin bhreisluacha le haghaidh oibreacha agus lamháltas, agus EUR 5 000 000 ar a laghad agus é glan ó cháin bhreisluacha le haghaidh earraí agus seirbhísí.***

***4. Beidh feidhm ag an mbeart IPI freisin i gcás conarthaí sonracha arna ndámhachtain faoi chóras dinimiciúil ceannaigh, i gcás ina raibh na córais dhinimiciúla ceannaigh sin faoi réir an bhirt IPI, cé is moite de chonarthaí sonracha a bhfuil a luach measta faoi bhun na luachanna faoi seach a leagtar amach in Airteagal 8 de Threoir 2014/23/AE, in Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 15 de Threoir 2014/25/AE.***

***Ní bheidh feidhm ag an mbeart IPI maidir le nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí bunaithe ar chreat-chomhaontú. Ní bheidh feidhm ag an mbeart IPI ach oiread maidir le míreanna aonair atá le dámhachtain i gcomhréir le hAirteagal 5 (10) de Threoir 2014/24/AE nó le hAirteagal 16 (10) de***

***Threoir 2014/25/AE.***

***5. Ina ghníomh cur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, laistigh den raon feidhme arna bhunú i mír 7 den Airteagal seo, an rochtain atá ag oibreoirí, earraí nó seirbhísí as tríú tíortha ar nósanna imeachta soláthair a shrianadh trína cheangal ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(a) beart coigeartaithe scóir a fhorchur ar thairiscintí arna dtíolacadh ag oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh an tríú tír sin;***

***(b) tairiscintí a eisiamh arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh an tríú tír sin; nó***

***(c) meascán de (a) agus (b) a fhorchur, má tá earnálacha nó catagóirí éagsúla earraí agus seirbhísí faoi réir bearta IPI.***

***6. Ní bheidh feidhm ag an mbeart coigeartaithe scóir dá dtagraítear i mír 5 pointe (a) ach amháin chun críche mheastóireacht agus rangú na dtairiscintí. Ní dhéanfaidh sé difear don phraghas atá le híoc faoin gconradh a dhéanfar leis an tairgeoir a n-éireoidh leis.***

***7. Sonrófar sa ghníomh cur chun feidhme, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14(2), raon feidhme chur i bhfeidhm an bhirt IPI, lena n-áirítear an méid seo a leanas:***

***(a) earnálacha nó catagóirí na n-earraí, na seirbhísí agus na lamhháltas bunaithe ar an Stór Focal Coiteann um Sholáthar chomh maith le haon eisceachtaí is infheidhme ann;***

***(b) catagóirí sonracha d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha;***

***(c) catagóirí sonracha d'oibreoirí eacnamaíocha;***

***(d) maidir leis an mbeart coigeartaithe***

***scóir dá dtagraítear i mír 5 pointe (a), luach céatadáin an choigeartaithe, arna shocrú ag 100 % de scór meastóireachta na tairisceana ag brath ar an tríú tír lena mbaineann agus ar earnáil na n-earraí, na seirbhísí, na n-oibreacha nó na lamháltas atá beartaithe.***

***8. Agus an beart IPI á chinneadh aige bunaithe ar na roghanna faoi phointí (a), (b) nó (c) de mhír 5, roghnóidh an Coimisiún an cineál birt is mó a leigheasfaidh go héifeachtach an leibhéal lagaithe d'oibreoirí AE ar mhargaí tríú tíortha.***

***9. Féadfaidh an Coimisiún an beart IPI a tharraingt siar nó a chur ar fionraí má dhéanann an tríú tír gníomhaíochtaí ceartaitheacha sásúla a leigheasfaidh an lagú ar rochtain ag earraí, seirbhísí nó oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar a mhargaí soláthair nó lamháltais, nó má thugann sé gealltanas deireadh a chur leis an mbeart nó leis an gcleachtas i dtrácht. Má mheasann an Coimisiún go ndearnadh na gníomhaíochtaí ceartaitheacha nó na gealltanais cheartaitheacha a tugadh a chealú, a chur ar fionraí nó a chur chun feidhme go míchuí, cuirfidh sé a thorthaí ar fáil go poiblí agus déanfaidh sé an beart IPI a chur i bhfeidhm arís, tráth ar bith. Féadfaidh an Coimisiún beart IPI a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a chur i bhfeidhm arís i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2), agus foilseofar fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin.***

***10. Rachaidh beart IPI in éag 5 bliana óna theacht i bhfeidhm. Féadfar síneadh 5 bliana a chur le beart IPI. 9 mí roimh dháta éaga an bhirt IPI, tionscnóidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, athbhreithniú ar an mbeart IPI i dtrácht trí fhógra a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tabharfar athbhreithniú den sórt sin chun críche***

| | |
|---|---|
| | ***laistigh de 6 mhí. Tar éis athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur le fad an bhirt IPI, é a choigeartú go hiomchuí nó beart eile IPI a chur ina ionad.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 9*** | ***scriosta*** |
| ***Na húdaráis nó na heintitis lena mbaineann*** | |
| ***Cinnfidh an Coimisiún na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha nó na catagóirí d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha, agus iad liostaithe de réir Ballstáit, a mbeidh baint ag an mbeart leo. Chun caoi a thabhairt an cinneadh sin a dhéanamh, cuirfidh gach Ballstát isteach liosta d'údaráis iomchuí chonarthacha nó d'eintitis iomchuí chonarthacha nó de chatagóirí údaráis nó eintitis den saghas sin. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar leibhéal iomchuí gníomhaíochta agus go roinnfear an t-ualach go cothrom ar na Ballstáit.*** | |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Oibleagáidí conarthacha breise ar an tairgeoir a bhuann an conradh*** |
| | ***1. I gcás nósanna imeachta soláthair a bhfuil beart IPI infheidhme maidir leo, agus i gcás conarthaí arna ndámhachtain bunaithe ar chreat-chomhaontú ina*** |

***bhfuil luach measta na gconarthaí sin cothrom leis na luachanna a leagtar amach in Airteagal 8 de Threoir 2014/23/AE, in Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 15 de Threoir 2014/25/AE, faoi seach, agus i gcás ina raibh na creat-chomhaontuithe sin faoi réir an bhirt IPI, áireoidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha freisin, i measc choinníollacha an chonartha leis an tairgeoir a bhuann an conradh, an méid seo a leanas:***

***(a) oibleagáid nach ndéanfar níos mó ná 25 % de luach iomlán an chonartha a ligean ar fochonradh, lena n-áirítear trí earraí agus codanna a sheacadadh, chuig oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh tríú tír atá faoi réir beart IPI;***

***(b) i gcás conarthaí ina gcumhdaítear soláthar earraí mar ábhar, gealltanas, ar fhad an chonartha, nach mó ná 25 % de luach iomlán an chonartha earraí arna soláthar agus/nó seirbhísí arna soláthar chun an conradh a chomhlíonadh agus de thionscnamh tríú tír atá faoi réir an bhirt IPI, cibé acu an é an tairgeoir nó an fochonraitheoir a sholáthraíonn na hearraí agus/nó na seirbhísí sin go díreach;***

***(c) oibleagáid chun fianaise leordhóthanach a chomhfhreagraíonn do phointí (a) nó (b) a chur ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach ar a dhéanaí nuair a bheidh comhlíonadh an chonartha curtha i gcrích;***

***(d) muirear comhréireach, i gcás nach gcomhlíonann na gealltanais dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b), 25 % de luach iomlán an chonartha.***

***2. Chun críocha mhír 1 phointe (c), is leor fianaise a chur ar fáil gur de thionscnamh tíortha seachas an tríú tír atá faoi réir an bhirt IPI atá níos mó ná 75 % de luach iomlán an chonartha. Iarrfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach fianaise i gcás ina***

***bhfuil tásca réasúnta ann de neamhchomhlíonadh phointí (a) nó (b) de mhír 1 nó má dhámhtar an conradh do ghrúpa d'oibreoirí eacnamaíocha ina bhfuil duine dlítheanach de thionscnamh tríú tír atá faoi réir beart IPI.***

***3. I gcás tairiscintí arna gcur isteach ag FBManna uathrialacha, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, de thionscnamh an Aontais nó tríú tír a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta i réimse an tsoláthair tugtha i gcrích ag an Aontas léi, cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit treoirlínte maidir le dea-chleachtais ar fáil chun éifeachtúlacht an Rialacháin seo agus comhsheasmhacht a chur chun feidhme a áirithiú. Cuirfear san áireamh sna treoirlínte sin, go háirithe, riachtanais faisnéise FBManna.***

***4. Cuirfidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tagairt do na coinníollacha breise a leagtar síos san Airteagal seo san áireamh sna doiciméid le haghaidh nósanna imeachta soláthair a bhfuil beart IPI infheidhme maidir leo.***

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[…]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[…]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh údaráis chonarthacha/ agus eintitis chonarthacha a chinneadh gan an beart ***coigeartaithe praghais*** a chur i bhfeidhm i ndáil le nós imeachta soláthair ***nó lamháltais*** sna cásanna seo a leanas: | 1. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a chinneadh ***ar bhonn eisceachtúil,*** gan an beart ***IPI*** a chur i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas: |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) mura bhfuil aon earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais agus/nó aon earraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ann a chomhlíonann ceanglais an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh; nó*** | ***scriosta*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) níl ach tairiscintí ó oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh tríú tír atá faoi réir an bhirt IPI, nó i gcás nach bhfuil ach tairiscintí den sórt sin i gcomhréir leis na ceanglais tairisceana; nó*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) tá údar leis sin ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail, amhail sláinte phoiblí nó cosaint an chomhshaoil;*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) dá dtiocfadh méadú díréireach ar phraghas nó ar chostais an chonartha toisc an beart a chur i bhfeidhm.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás conarthach nó ag eintiteas conarthach ***gan beart coigeartaithe praghais*** a chur i bhfeidhm***, sonróidh sé go bhfuil sé beartaithe aige sin a dhéanamh san fhógra conartha a fhoilseoidh sé de bhun Airteagal 49 de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 69 de Threoir 2014/25/AE nó san fhógra lamháltais de bhun Airteagal 31 de Threoir 2014/23/AE***. Tabharfaidh ***sé*** fógra don Choimisiún faoi sin tráth nach déanaí ná ***10*** lá ***féilire tar éis fhoilsiú an fhógra*** conartha. | 2. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás conarthach nó ag eintiteas conarthach gan ***beart IPI*** a chur i bhfeidhm, tabharfaidh ***sé*** fógra don Choimisiún faoi sin ***gan mhoill agus in aon chás*** tráth nach déanaí ná ***30*** lá roimh ***dhámhachtain an*** chonartha, ***agus tabharfaidh sé réasúnú mionsonraithe le húsáid na heisceachta***. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an foras ar ar bunaíodh an cinneadh gan an beart ***coigeartaithe praghais*** a chur i bhfeidhm, agus an réasúnú mionsonraithe atá le húsáid na heisceachta; | (d) an foras ar ar bunaíodh an cinneadh gan an beart ***IPI*** a chur i bhfeidhm, agus an réasúnú mionsonraithe atá le húsáid na heisceachta; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir le haon iarraidh ar eisceacht atá bunaithe ar an Airteagal seo, ní mór formheas a fháil ón gCoimisiún roimh dhámhachtain an chonartha.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Féadfaidh an Coimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne iarraidh ar eisceacht ar bheart IPI mura bhfuil údar atá mionsonraithe go leordhóthanach leis an bhfógra. Cuirfidh an Coimisiún an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach ar an eolas faoina chinneadh gan moill mhíchuí.*** |

(Seachas AM 44 (Or. EN) de FdR IMCO AD\1242055EN )

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Más rud é, faoi Airteagal 2 de Threoir 2014/24/AE nó faoi Airteagal 50 de Threoir 2014/25/AE go seolann údarás conarthach nó eintiteas conarthach nós imeachta idirbheartaíochta gan iarratas ar thairiscintí a fhoilsiú roimh ré agus má chinneann sé gan beart coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm, sonróidh sé sin san fhógra faoi dhámhachtain conarthaí a fhoilseoidh sé de bhun Airteagal 50 de Threoir 2014/24/AE nó de bhun Airteagal 70 de Threoir 2014/25/AE nó san fhógra faoi dhámhachtain lamháltais a fhoilseoidh sé de bhun Airteagal 32 de Threoir 2014/23/AE agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi sin tráth nach déanaí ná 10 lá féilire tar éis fhoilsiú an fhógra faoi dhámhachtain conarthaí.*** | ***scriosta*** |
| ***Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:*** | |
| ***(a) ainm agus sonraí teagmhála an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh;*** | |
| ***(b) tuairisc ar chuspóir an chonartha nó an lamháltais;*** | |
| ***(c) faisnéis faoi thionscnamh na n-oibreoirí eacnamaíocha, na n-earraí agus/nó na seirbhísí atá le ceadú;*** | |
| ***(d) an réasúnú atá le húsáid na heisceachta;*** | |
| ***(e) nuair is iomchuí, aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás conarthach agus nó an t-eintiteas conarthach a bheith úsáideach.*** | |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***coigeartaithe praghais*** arna nglacadh nó arna gcur i bhfeidhm arís ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin seo ní bheidh feidhm acu. | 2. Maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***IPI*** arna nglacadh nó arna gcur i bhfeidhm arís ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin seo ní bheidh feidhm acu. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** <br> ***Acmhainní*** <br> ***Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar méid leormhaith de acmhainní a leithdháileadh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[…]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faoin 31 Nollaig 2018*** agus ar a laghad gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle | ***2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*** agus ar a laghad gach ***2*** bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid |

| | |
|---|---|
| maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta maidir le rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar ***nósanna imeachta maidir le conarthaí poiblí nó lamháltais a dhámhachtain*** i dtríú tíortha a dhéanfar faoin Rialachán seo. ***Chuige sin,*** tabharfaidh na Ballstáit faisnéis iomchuí don Choimisiún arna iarraidh sin. | Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta maidir le rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar ***mhargaí soláthair agus lamháltais de chuid*** tríú tíortha a dhéanfar faoin Rialachán seo. Tabharfaidh na Ballstáit faisnéis iomchuí don Choimisiún arna iarraidh sin, ***maidir le cur i bhfeidhm beart faoin Rialachán seo, lena n-áirítear maidir le líon na nósanna imeachta soláthair ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal fo-lárnach inar cuireadh beart IPI i bhfeidhm, líon na dtairiscintí a fuarthas ó thríú tíortha faoi réir an bhirt IPI sin, chomh maith le cásanna inar cuireadh i bhfeidhm eisceacht shonrach ón mbeart IPI. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ar bhonn na faisnéis a fhaightear ó na Ballstáit, bunóidh an Coimisiún ar leibhéal an Aontais bunachar sonraí de chonarthaí soláthair phoiblí nó de nósanna imeachta um dhámhachtain lamháltas le tríú tíortha agus de chur i bhfeidhm bhearta IPI faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún an bunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 17*** | ***scriosta*** |
| ***Leasú ar Threoir 2014/25/AE*** | |
| ***Scriosfar Airteagail 85 agus 86 de Threoir 2014/25/AE le héifeacht ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** | |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 17a*** |
| | ***Athbhreithniú*** |
| | ***Tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme, feidhmiú agus éifeachtúlacht an Rialacháin seo, agus tuairisceoidh sé a thorthaí do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún síneadh suas le 5 bliana a chur leis an tréimhse ama don dara hathbhreithniú. I gcás síneadh den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas roimh ré.*** |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I mí an Mhárta 2012, d’fhoilsigh an Coimisiún a thogra reachtach maidir le *Public procurement: access of third-country goods and services to the Union’s internal market and procedures supporting negotiations on access of Union goods and services to the markets of third countries* [Soláthar poiblí: rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach an Aontais agus nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus sheirbhísí an Aontais ar mhargaí tríú tíortha a éascú]. Ba é an aidhm a bhí ag an gCoimisiún giaráil a chruthú i gcaibidlíocht dhéthaobhach trádála le tríú tíortha maidir leis an

rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí a oscailt, toisc go mbíonn leisce ar chuid mhór tríú tíortha iomaíocht idirnáisiúnta a ligean isteach ina margaí soláthair phoiblí, nó an rochtain atá ar na margaí sin cheana féin a oscailt a thuilleadh. Dá thoradh sin, tá oibrithe eacnamaíocha an Aontais faoi réir cleachtas sriantach soláthair i gcuid mhaith de na tíortha ar comhpháirtithe trádála de chuid an Aontais iad. Dá bhrí sin, ba é príomhaidhm an togra ón gCoimisiún feabhas a chur ar na coinníollacha faoinar féidir le gnólachtaí AE dul in iomaíocht le haghaidh conarthaí poiblí i dtríú tíortha agus seasamh an Aontais Eorpaigh a neartú agus é i mbun caibidlíochta maidir leis na téarmaí rochtana atá ag soláthróirí ón Aontas, agus ag a n-earraí agus a seirbhísí, ar na margaí soláthair phoiblí agus, ar an gcaoi sin, oibriú i dtreo cothrom iomaíochta i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

I gcoitinne, tá na margaí soláthair phoiblí ina leas láidir ionsaitheach ag an Aontas sa chaibidlíocht trádála le tríú tíortha, ós rud é go bhfuil a lán cuideachtaí de chuid an Aontais an-iomaíoch in earnálacha éagsúla. Bíonn leisce ar chuid mhór de na tríú tíortha sin an rochtain ar na margaí soláthair acu a oscailt do chuideachtaí AE Thairis sin, tá méadú ag teacht ar líon na mbeart  caomhnaitheach a ghlac tríú tíortha le blianta beaga anuas, bearta a chuireann srian *de facto* nó *de jure* leis an rochtain ar na margaí soláthair phoiblí acu faoi seach. Áirítear air sin ceanglais chaomhnaitheacha amhail aistrithe teicneolaíochta a fhorchur agus iad a bheith ina gcoinníoll i dtaca le dámhachtain conarthaí poiblí nó ceanglais maidir le hábhar áitiúil.

Go dtí seo, níor éirigh leis an Aontas ach go pointe áirithe an rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí a oscailt tuilleadh trí chomhaontuithe trádála. Sa Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais (GPA) ní áirítear ach líon teoranta tíortha sínithe ann – ní léiríonn mórgheilleagair atá ag teacht chun cinn ar nós na hIndia, na Brasaíle agus na Síne go bhfuil fonn mór orthu dul isteach in GPA go luath. In ainneoin an athbhreithnithe ar GPA, tá eisceachtaí éagsúla fós in GPA agus ní chuireann sé ceangal córasach ar gach leibhéal rialtais. Is minic a bhíonn díolúintí ó rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí ag cuideachtaí Eorpacha i gComhaontuithe Saorthrádála (FTA) déthaobhacha de chuid an Aontais le tríú tíortha. Ós rud é go bhfuil an rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí AE oscailte do thairgeoirí eachtrannacha den chuid is mó, is deacair don Choimisiún gealltanais ó thríú tíortha a chomhlíonadh sa réimse sin i gcaibidlíochtaí trádála.

Ionas gur féidir giaráil a chruthú chun deiseanna soláthair phoiblí a chur ar fáil i dtríú tíortha, mhol an Coimisiún ina thogra ó 2012 go bhféadfaí srian a chur leis an rochtain ar an margadh ag tríú tíortha nach dtéann i mbun caibidlíochta trádála leis an Aontais. Rinneadh foráil i dtogra 2012 do nós imeachta díláraithe agus láraithe maidir le hearraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe ag gealltanais maidir le rochtain ar an margadh Faoin nós imeachta díláraithe, d'fhéadfadh an Coimisiún a fhormheas go n-eisiafaidh na húdaráis chonarthacha/na heintitis chonarthacha tairiscintí más fiú níos mó ná 50 % de luach iomlán na n-earraí agus na seirbhísí sa tairiscint luach na n-earraí agus na seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe i gcás ina mbeadh easpa cómhalartacht shubstaintiúil maidir leis an rochtain ar mhargadh a oscailt idir an tAontas agus an tír ina dtionscnaítear na hearraí agus/nó na seirbhísí. Lena chois sin, bunaítear leis an togra seo ina bhfuil colún láraithe sásra de chuid an Aontais chun giaráil AE a mhéadú a thuilleadh i gcaibidlíocht idirnáisiúnta maidir le rochtain ar mhargaí. De réir an tsásra sin, féadfaidh an Coimisiún imscrúduithe a dhéanamh, comhairliúchán a dhéanamh le tríú tíortha, agus, más iomchuí, bearta sealadacha srianta a chur i bhfeidhm. Chreid an Coimisiún go dtabharfadh sé sin dreasacht do thríú tíortha dul i mbun caibidlíochta leis an Aontas maidir leis an rochtain ar a margaí soláthair phoiblí a oscailt tuilleadh.

Bhí tuairimí éagsúla sa Chomhairle: Thacaigh bloc amháin de na Ballstáit leis an togra, agus mheas bloc eile de na Ballstáit a bhí chomh tábhachtach céanna nach raibh gá le gníomhaíocht agus dhiúltaigh siad don smaoineamh toisc gur measadh gur beart caomhnaitheach a bhí san ionstraim agus go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar an trádáil dhomhanda (go háirithe trí bhearta frithbheartaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann ó thríú tíortha cumhachtacha). Ní raibh an Chomhairle in ann teacht as an tsáinn sin agus an plé maidir le substaint an togra a chur chun cinn. An 15 Eanáir 2014, ghlac an Pharlaimint 85 leasú ar an togra ón gCoimisiún, gan rún reachtach a ghlacadh agus, dá bhrí sin, gan deireadh a chur leis an gcéad léamh. Leis na leasuithe sin, rinne an Pharlaimint iarracht droichead a thógáil idir daoine a bhí ar son an togra agus a bhí ag cur ina éadan

**<u>Seo a leanas pointí tábhachtacha de vóta na Parlaiminte an 15 Eanáir 2014:</u>**

- clásal athbhreithnithe a thabhairt isteach lena mbeifear in ann, tar éis tréimhse ama, measúnú a dhéanamh an éiríonn leis an ionstraim an rochtain ar mhargaí eachtracha soláthair a oscailt tuilleadh nó an mbíonn caomhnaitheacht ar mhargadh soláthair an Aontais Eorpaigh mar thoradh uirthi.

- eisiamh na dtíortha i mbéal forbartha ón rialachán

- nasc níos fearr idir an colún díláraithe agus an colún láraithe, ionas nach bhféadfaí bearta a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh tús curtha ag an gCoimisiún le himscrúdú ar na bearta sriantacha a líomhnaítear a bheith ann

- ilroinnt ar mhargadh inmheánach an tsoláthair phoiblí a chosc

Thíolaic Uachtaránacht na hIodáile téacs comhréitigh i bhfómhar na bliana 2014, ach níor éirigh leis an bhearna a líonadh idir na seasaimh sa Chomhairle. Tar éis díospóireacht bheartais ag Comhairle an Aire Trádála i mí na Samhna 2014, thíolaic an Coimisiún togra athbhreithnithe chun an plé a chur ar aghaidh. An 29 Eanáir 2016, ghlac an Coimisiún Eorpach a thogra leasaithe le haghaidh ionstraim soláthair phoiblí idirnáisiúnta. Chinn Comhordaitheoirí INTA an 27 Feabhra 2017 an mhír a chur ar ais ar an gclár oibre de cheann de na chéad chruinnithe eile a bheadh ag INTA agus é mar aidhm acu an sainordú caibidlíochta a thabhairt cothrom le dáta trí leasuithe breise a chur síos le haghaidh vótála, ós rud é go raibh athruithe suntasacha sa togra athbhreithnithe.

Ar thaobh amháin, rinneadh dul chun cinn i réimsí tábhachtacha sa togra leasaithe, amhail an colún díláraithe a scriosadh, ar chúis imní don Pharlaimint é go bhféadfadh ilroinnt ar an margadh inmheánach a bheith mar thoradh air, ach ar an taobh eile níor glacadh le príomhiarrataí ó Pharlaimint na hEorpa sa togra. Ina theannta sin, tugadh isteach gnéithe nua lena gceanglaítear grinnscrúdú choiste INTA agus grinnscrúdú na Parlaiminte. Dá bhrí sin, thíolaic an Rapóirtéir dréacht-tuarascáil nuashonraithe chun sainordú Pharlaimint na hEorpa a thabhairt cothrom le dáta agus chun na hathruithe a tugadh chun cinn le togra athbhreithnithe 2016 a chur san áireamh. Dá réir sin, bunaíodh an tuarascáil sin ar dhá phríomhcholún: Ar an gcéad dul síos, i gcás na gcodanna sin a bhí comhionann nó inchomparáide le togra tosaigh 2012, thug an Rapóirtéir isteach na leasuithe a glacadh i suí iomlánach an 15 Eanáir 2014, a cuireadh in oiriúint, i gcás inarbh iomchuí, do thogra leasaithe 2016. Ar an dara dul síos, sa tuarascáil leasaíodh na gnéithe nua a tugadh chun cinn le togra athbhreithnithe 2016.

**Gnéithe nua de thogra athbhreithnithe 2016:**

Is é an t-athrú mór ina leith sin nach ndéantar foráil sa togra ach do 'beart coigeartaithe praghais' agus go gcuirtear as an áireamh go hiomlán an beart maidir le dúnadh an mhargaidh. I gcás ina seolfaidh an Coimisiún imscrúdú, agus go bhfuil sé leagtha síos go bhfuil bacainní á gcur ag tír ar leith ar rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh sa soláthar; dhéanfaí coigeartú praghais a chur i bhfeidhm ar tháirgí nó earraí na tíre sin. Ciallaíonn sé sin, murab ionann agus an togra tosaigh, go mbeadh táirgí agus seirbhísí eachtracha spriocdhírithe incháilithe i gcónaí, dá mbeadh an tairiscint iomaíoch ó thaobh praghais agus cáilíochta de, tar éis an choigeartaithe praghais a chur san áireamh. Ní leis an bpraghas dámhachtana deiridh ach leis an bpróiseas meastóireachta a bhainfidh an coigeartú praghais. Ní bheidh an rochtain ar mhargadh an Aontais dúnta d'oibreoirí eachtracha i gcás ar bith.

Mar sin féin, is é bunchuspóir an togra giaráil a ghnóthú chun an rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí a oscailt tuilleadh i gcaibidlíocht trádála agus, ar an gcaoi sin, cothrom iomaíochta a áirithiú sa rochtain ar an margadh sa soláthar poiblí. Dá bhrí sin, ba é moladh an Rapóirtéara filleadh ar an mbunsásra chun srian sealadach a chur le rochtain earraí agus/nó seirbhísí ón tríú tír ar mhargadh soláthair phoiblí AE, mar a mhol an Coimisiún ina thogra ó 2012 agus a d'fhormhuinigh an Pharlaimint i mí Eanáir 2014.

Thairis sin, ba iad na Ballstáit a mholfadh na heintitis soláthair a chuirfeadh an beart chun feidhme, chun a áirithiú nach dtitfeadh sé ar na heintitis is lú a bhfuil acmhainní riaracháin níos teoranta acu. Cé gur cuspóir bailí é sin, ní mór an rialachán a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach sa mhargadh inmheánach ina iomláine. Murach sin, d'fhéadfadh ilroinnt an mhargaidh aonair a bheith mar thoradh air agus d'fhéadfaí giaráil a chailleadh.

Gné eile is ea nach mbeadh gá a thuilleadh leis an bpionós praghais a chur i bhfeidhm ar an tír ina hiomláine ina bhfuil sé sainaitheanta ag an gCoimisiún go bhfuil idirdhealú á dhéanamh ar thairgeoirí AE. D'fhéadfaí díriú ar chríocha ar bhonn réigiúnach nó áitiúil, mar atá, stáit, réigiúin nó bardais. Is é an cuspóir go ndéanfaí idirdhealú idir críocha agus go spreagfaí eintitis fho-lárnacha chun a nósanna imeachta soláthair a oscailt do thairgeoirí AE.

Pointe eile de thogra athbhreithnithe 2016 is ea leithdháileadh níos soiléire ar an dualgas cruthúnais. Cuideachtaí agus táirgí ag a bhfuil níos mó ná 50 % de luach na tairisceana de thionscnamh tíre ina bhfuil sé deimhnithe go bhfuil bearta idirdhealaitheacha i gcoinne cuideachtaí, earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais, bheadh siad faoi réir an bhirt. Thoimhdeofaí go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha ó sprioctír, earraí agus seirbhísí spriocdhírithe a sholáthar. Beidh dualgas an chruthúnais ar an tairgeoir ón tír sin, ní ar an údarás conarthach, chun a léiriú nach mbeidh na hearraí nó na seirbhísí sin ar a bhfuiltear ag díriú sa tairiscint. Cuireadh in iúl sa togra bunaidh go mbeadh an t-ualach ina leith sin ar údaráis chonarthacha.

I gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin maidir leis an trédhearcacht i gcúrsaí trádála, tá sé i gceist freisin toradh na n-imscrúduithe a dhéanfaidh an Coimisiún ar bhacainní ar thairiscintí i dtríú tír a chur ar fáil don phobal. Leis an éifeacht 'ainmniú agus náiriú', ba cheart dinimic nua a chruthú chun deireadh a chur leis na bacainní sin. Ina theannta sin, ba cheart na bearta arna nglacadh ag tríú tíortha chun feabhas a chur ar chás achrannach a chur ar fáil don phobal. Is mór againn an t-athrú seo.

**Roinnt de na leasuithe ón bParlaimint san áireamh:**

Cé is moite de na tíortha is lú forbairt a eisiamh ó raon feidhme an togra, déantar tíortha atá i mbéal forbartha agus FBManna a eisiamh freisin. Thairis sin, mheas roinnt mhaith Ballstát agus an Pharlaimint go mbeadh baol ann go ndéanfaí an margadh inmheánach a ilroinnt leis an gcolún díláraithe – ar dá réir a bheadh an deis ag údaráis chonarthacha tairgeoirí eachtrannacha a eisiamh óna bheith rannpháirteach ina dtairiscintí. Sa togra athbhreithnithe, cuirtear as an áireamh go hiomlán an fhéidearthacht sin.

**Ní áirítear iarrataí na Parlaiminte ann:**

Baineann sé sin le saincheisteanna comhshaoil, saothair nó sóisialta a bhreithniú i measúnú na cómhalartachta, nó le hiarraidh na Parlaiminte ar chlásal athbhreithnithe lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an gceist an gcuireann an rialachán leis an rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí a oscailt tuilleadh nó an ionstraim chaomhnaitheach é. Bheadh amhras ann faoi dhiúltú don rialachán ina iomláine ar an bhforas sin, mar sin féin, mhol an Pharlaimint clásal athbhreithnithe a chur isteach, lena gcuirtear d’oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar an rialacháin, tar éis dó teacht i bhfeidhm agus é a bheith curtha i bhfeidhm ar feadh líon réamhshainithe blianta, agus é a athbhreithniú dá réir sin. Ar an gcúis chéanna, mhol an Pharlaimint go ndéanfaí cur i bhfeidhm aon bheart sriantach a dhéantar trí ghníomh cur chun feidhme a theorannú go suas le 5 bliana (cosúil le forálacha i Rialacháin Cosanta Trádála AE) ionas nach ndéanfaí an margadh a dhúnadh go buan de bharr na mbeart sin. Iarratas breise nár cuireadh san áireamh ach go fánach is ea giorrú na tréimhse ama le haghaidh imscrúduithe. D’iarr an Pharlaimint go ndéanfaí an tréimhse chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche a ghiorrú go 3 mhí agus rogha ann síneadh míosa a chur léi. Ghiorraigh an Coimisiún an tréimhse ó 9 mí go 8 mí, agus ag an am céanna mhéadaigh sé an síneadh féideartha ó 3 mhí go 4 mhí, rud a fhágann go bunúsach an t-am don imscrúdú mar atá.

**Éabhlóid an phlé ó 2018 i leith:**

Tar éis dréacht-tuarascáil leasaithe a thíolacadh in INTA i mí Feabhra 2018 agus tar éis leasuithe a thabhairt isteach agus a phlé i Márta/Aibreán 2018, tháinig deireadh leis an obair ar an sainchomhad i mBealtaine 2018 mar gheall ar an tsáinn a bhain leis an sainchomhad sa Chomhairle, a mhair ar feadh i bhfad. Ó thaobh an Rapóirtéara de agus i gcomhréir le Scáth-Rapóirtéirí, ní bheadh sé ina chuidiú leanúint ar aghaidh agus sainordú na Parlaiminte le haghaidh caibidlíocht tríthaobhacha a athnuachan i bhfianaise easpa deiseanna inmharthana dul chun cinn a dhéanamh ina leith sa Chomhairle.

I bhfianaise shos thoghcháin 2019, cuireadh an comhad faoi ‘gnó gan chríochnú’ (Riail 240) na Parlaiminte a bhí ann roimhe sin. Ag an am céanna, d’iarr na Ballstáit arís agus arís eile dlús nua a chur faoi agus mhol siad go nglacfaí comhsheasamh maidir leis an ionstraim um sholáthar poiblí (conclúid ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2019/02 Deireadh Fómhair 2020), rud nár éirigh leis torthaí nithiúla a bhaint amach sa Chomhairle. Tar éis na n-ullmhúchán mionsonraithe faoi Uachtaránacht na Fionlainne, Uachtaránacht na Cróite agus Uachtaránacht na Gearmáine, chuir Uachtaránacht na Portaingéile dréacht-seasamh ar iomaí uair a ndearnadh leasú air faoi bhráid na Comhairle i mí Aibreáin 2021, arbh ionann é agus athrú ó bhonn ar loighic intreach na hionstraime a bhí á beartú. Tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta a mhair níos mó ná naoi mbliana, ghlac an Chomhairle a seasamh maidir leis an ionstraim soláthair i mí an Mheithimh 2021, agus ar an gcaoi sin rinneadh an

ród a réiteach chun leanúint ar aghaidh leis an hobair ar an sainchomhad in INTA ar bhonn dréacht-tuarascáil nua a thíolaic an Rapóirtéir.

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an imeacht suntasach ó loighic thogra 2016 ón gCoimisiún, a léirítear le cur chuige atá dírithe ar thairgtheoir seachas dearadh atá bunaithe ar thairiscintí. Mar gheall ar an athrú paraidíme sin, chuathas timpeall ar dheacrachtaí maidir le tionscnamh earraí, seirbhísí, oibreacha agus lamháltas a bhunú. Tá castacht na hionstraime ag dul i laghad agus tá praiticiúlacht na hionstraime ag dul i bhfeabhas.

Tá an Rapóirtéir den tuairim i gcónaí nach mór measúnú a dhéanamh ar bhearta IPI de réir a n-éifeachtachta, a gcomhréireachta agus a n-infheidhmeachta.

Le hais bhearta éifeachtacha agus éifeachtúla IPI, tá fad na n-imscrúduithe agus na gcomhairliúchán cinntitheach i dtaca leis an mbreisluach a chuirtear ar fáil leis an ionstraim. Ós amhlaidh atá, tugtar isteach tréimhsí ama níos giorra don dá nós imeachta, atá beartaithe go mbeidh siad ina nósanna imeachta forluiteacha seachas ina nósanna imeachta leantacha, chun a ráthú go gcuirfear bearta IPI i bhfeidhm go tráthúil gan mhoill nach gá.

Is féidir éifeacht giarála bheartaithe na hionstraime a dhíorthú ón méid a chuirtear i bhfeidhm í ar oibreoirí eacnamaíocha agus a chuireann údaráis soláthair agus eintitis soláthair i bhfeidhm í. Ach díriú ar luach seasta na gconarthaí soláthair mar chritéir tomhais, ráthaítear simplíocht agus éifeachtúlacht na hionstraime.

Tacaítear le heisceachtaí ón gceanglas an ionstraim a chur i bhfeidhm in imthosca a shainítear go cúng, eadhon (1) i gcásanna nach bhfuil ach tairiscintí ó thairgeoirí as tríú tíortha atá faoi réir beart IPI ar fáil nó (2) i gcás ina bhfuil cúiseanna sáraitheacha ann a bhaineann le leas an phobail. Chuirfeadh eisceachtaí eile bac ar chuspóir foriomlán na hionstraime.

29.10.2021

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú

(COM(2016)0034 – C8-0018/2016 – 2012/0060(COD))

Rapóirtéir don tuairim(*): Ivan Štefanec

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

I mí an Mhárta 2012, ghlac an Coimisiún Eorpach an chéad togra le haghaidh Rialacháin, lena mbunaítear Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta (IPI) mar a thugtar air, chun giaráil an Aontais Eorpaigh i gcaibidlíocht trádála idirnáisiúnta a mhéadú, d'fhonn deiseanna feabhsaithe rochtana ar an margadh a bhaint amach d'oibreoirí eacnamaíocha Eorpacha i margaí soláthair phoiblí tríú tíortha.

I mí Eanáir 2014, ghlac Parlaimint na hEorpa, i suí iomlánach, leasuithe ar an togra agus rinneadh an t-ábhar a tharchur ar ais chuig an gcoiste freagrach lena bhreithniú tuilleadh. Cuireadh bac ar an gcomhad sa Chomhairle, agus níor ghlac an Pharlaimint páirt i gcaibidlíocht thrípháirteach.

An 29 Eanáir 2016, thíolaic an Coimisiún togra leasaithe. Bhain an togra leasaithe roinnt forálacha atá níos ábhartha do rialacha an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe an chumhacht atá ag údaráis chonarthacha aonair tairiscintí a dhiúltú (sean-Airteagal 6). Mar sin féin, fiú amháin sa sásra láraithe faoi stiúir an Choimisiúin, déanann an togra reachtach difear d'iompraíocht údaráis chonarthacha AE sna nósanna imeachta tairisceana agus sa mhargadh inmheánach.

Ghlac IMCO a thuairim chuig INTA, bunaithe ar an togra leasaithe ón gCoimisiún, an 26 Meán Fómhair 2017. Phléigh INTA, ar an taobh eile, an togra leasaithe le linn an téarma reachtaigh dheireanaigh, ach chinn sé an vóta sa choiste a chur ar athló go dtí go raibh tuilleadh soiléireachta ann maidir leis an treo phlé na Comhairle.

Tar éis blianta a bheith neamhghníomhach, an 2 Meitheamh 2021 d'aontaigh an Chomhairle ar deireadh a sainordú caibidlíochta. Ós rud é gur cuireadh na coistí lena mbaineann (INTA, IMCO) le chéile tar éis thoghcháin PE 2019, an coiste ceannais ar an gcomhad seo, chinn

INTA, dréacht-tuarascáil nua a dhréachtú, agus na hathruithe comhthéacsúla sa Pharlaimint agus sa Chomhairle á gcur san áireamh. Ina dhiaidh sin, an 22 Meitheamh 2021, chinn Comhordaitheoirí IMCO freisin gur cheart do IMCO tuairim nua a dhréachtú.

Is coiste comhlachaithe i gcónaí IMCO faoi Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta maidir le líon teoranta saincheisteanna, lena n-áirítear:

A. inniúlacht eisiach maidir le

- Airteagal nua 11 (2), (3), (4): maidir le cur i bhfeidhm na mbeart coigeartaithe praghais
- Airteagal nua 12 (2), (3), (4): maidir leis an eisceacht ó bhearta coigeartaithe praghais
- Airteagal nua 14(3): Maidir leis an nós imeachta Coiste
- Airteagal nua 17: maidir le haisghairm Airteagail 85 agus 86 de Threoir 2014/25/AE

B. inniúlachtaí comhroinnte maidir le

- Airteagal 2: Sainmhínithe
- Airteagal nua 9: maidir leis na húdaráis nó na heintitis a mbaineann na bearta arna ndéanamh faoi Airteagal 8 leo
- Airteagal nua 12 (1): maidir leis an eisceacht ó bhearta coigeartaithe praghais
- Airteagal nua 13 maidir le cur chun feidhme
- Airteagal nua 14 (1): Nós imeachta coiste
- Airteagal nua 15: maidir le rúndacht
- Airteagal nua 16: maidir le tuairisciú.

Dá bhrí sin, cuireann an tuairim seo leis na tuairimí a ghlac coiste IMCO in 2013 agus 2017, faoi seach, agus ionchorpraítear inti roinnt leasuithe atá iontu.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle tar éis an oiread sin blianta a bheith caite gan aon ghníomhaíocht ó glacadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta (IPI) in 2012 agus a leagan leasaithe, in 2016.

Chuir an Rapóirtéir gnéithe éagsúla de shainordú caibidlíochta na Comhairle san áireamh, go háirithe an aidhm ionstraim a chruthú lena gceadófar do AE rochtain ar a mhargaí soláthair phoiblí a theorannú nó a eisiamh, de réir an cháis, ag oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh tíortha a chuireann bearta sriantacha nó idirdhealaitheacha i bhfeidhm maidir le gnólachtaí AE, agus an t-ualach riaracháin ar údaráis chonarthacha a íoslaghdú ag an am céanna.

Moltar sa tuairim go ndéanfaí éifeachtacht an Rialacháin a shimpliú agus a fheabhsú chun deireadh a chur leis na pointí faidhbe gan spás a chruthú ina bhféadfaí an Rialachán a shárú.

I gcomhréir le cur chuige na Comhairle, moltar sa tuairim go n-athrófaí ón mbeart coigeartaithe praghais go dtí bearta IPI, i gcás ina dtugtar isteach tairseacha maidir le tairiscintí a eisiamh. Sa tuairim tacaítear le cur chuige nua tairgeoirí a ligeann díriú ar thairiscintí seachas ar earraí agus ar sheirbhísí.

Sa tuairim a glacadh, déantar na heisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 12 a chúngú agus

déantar iad a ailíniú leis an Treoir Soláthair Phoiblí, rud a sheachnaíonn úsáid fhorleathan díolúintí gan faireachán cuí. Foráiltear ann freisin do ról níos láidre a bheith ag an gCoimisiún trí údarás a thabhairt chun agóid a dhéanamh i gcoinne eisceacht nach bhfuil údar leordhóthanach léi.

Meastar go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh ann, rud a dhéanfaidh inchreidteacht na hionstraime sin a laghdú mar thoradh ar an togra ón gCoimisiún chun liosta na n-údarás conarthach agus na n-eintiteas conarthach lena mbaineann an Rialachán seo a shainiú agus a chruthú. Ba cheart do gach údarás conarthach a fhaigheann earraí nó seirbhísí os cionn na tairsí comhaontaithe an Rialachán a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin moltar sa tuairim go scriosfaí Airteagal 9 maidir leis na húdaráis nó na heintitis lena mbaineann.

Ina theannta sin, neartaíonn an tuairim arna glacadh seasamh an Choimisiúin agus a chuid inniúlachtaí sa phróiseas cinnteoireachta.

Chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú agus neamhéifeachtúlacht fhéideartha a bhaineann le bearta IPI a cheartú, moltar sa tuairim clásal athbhreithnithe gach 3 bliana.

Ar deireadh, choinnigh an tuairim roinnt gnéithe ón tuairim a glacadh in 2017 a bhain le hobair le faisnéis rúnda, le cosaint an chomhshaoil nó i ndáil leis an rialachán sábháilteachta.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra leasaithe le haghaidh | Togra leasaithe le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú | maidir le rochtain earraí agus seirbhísí ***oibreoirí eacnamaíocha*** tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus ***maidir le*** nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus seirbhísí ***oibreoirí eacnamaíocha*** an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) I gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, saineoidh agus saothróidh an tAontas comhbheartais agus comhghníomhaíochtaí, agus cuirfidh sé feabhas ar chomhar i ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, chun cuidiú, *inter alia*, gach tír a lánpháirtiú i ngeilleagar an domhain, lena n-áirítear trí bhíthin deireadh a chur de réir a chéile le srianta ar an trádáil idirnáisiúnta. | (1) I gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, saineoidh agus saothróidh an tAontas comhbheartais agus comhghníomhaíochtaí, agus cuirfidh sé feabhas ar chomhar i ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, chun cuidiú, *inter alia*, gach tír a lánpháirtiú i ngeilleagar an domhain, lena n-áirítear trí bhíthin deireadh a chur de réir a chéile le srianta ar an trádáil idirnáisiúnta, ***forbairt inbhuanaithe a áirithiú agus forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú, agus é mar phríomhaidhm deireadh a chur leis an mbochtaineacht***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus trína chaidreamh déthaobhach féin, cuireann an tAontas chun cinn oscailt uaillmhianach a dhéanamh ar mhargaí soláthair phoiblí an Aontais agus a gcomhpháirtithe trádála, de mheon cómhalartachta agus comhshochair. | (6) Laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus trína chaidreamh déthaobhach féin, cuireann an tAontas chun cinn oscailt uaillmhianach a dhéanamh ar mhargaí soláthair phoiblí an Aontais agus a gcomhpháirtithe trádála, de mheon ***cómhalartachta, comhoibrithe*** agus comhshochair. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tá leisce ar chuid mhór tríú tíortha iomaíocht idirnáisiúnta a ligean isteach ina margaí soláthair phoiblí agus ina margaí lamháltas, nó an rochtain atá ar na margaí sin cheana féin a oscailt a thuilleadh. Dá thoradh sin, tá oibrithe eacnamaíocha an Aontais faoi réir cleachtas sriantach soláthair i gcuid mhaith de na tíortha ar ***comhpháirtithe*** trádála de chuid an Aontais iad. Caillteanas mórdheiseanna trádála an toradh atá ar na cleachtais shriantacha soláthair sin. | (8) Tá leisce ar chuid mhór tríú tíortha iomaíocht idirnáisiúnta a ligean isteach ina margaí soláthair phoiblí agus ina margaí lamháltas, nó an rochtain atá ar na margaí sin cheana féin a oscailt a thuilleadh. Dá thoradh sin, tá oibrithe eacnamaíocha an Aontais faoi réir cleachtais shriantacha soláthair ***agus beartais caomhnaitheachta*** i gcuid mhaith de na tíortha ar ***comhpháirtithe*** trádála de chuid an Aontais iad. Caillteanas mórdheiseanna trádála an toradh atá ar na cleachtais shriantacha soláthair sin***, agus dá bhrí sin ba cheart nós imeachta a bhunú faoin Rialachán seo chun cosc a chur ar éagothroimí i margaí soláthair phoiblí tríú tíortha***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(9) I dTreoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] níl ach líon beag forálacha maidir leis an ngné sheachtrach de bheartas an Aontais maidir le soláthar poiblí, go háirithe Airteagail 85 agus 86 . Níl ach raon feidhme teoranta ag na forálacha sin agus ba cheart forálacha eile a chur ina n-ionad.*** | ***scriosta*** |

***[16] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist, (IO L 94, 28.3.2014, lch.***

***243).***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a bheith ag an Aontas agus ag oibreoirí eacnamaíocha, eintitis chonarthacha agus údaráis chonarthacha tríú tíortha, ba cheart léiriú a bheith i ndlíchóras an Aontais ar ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir le rochtain ar mhargaí i ndáil le tríú tíortha i réimse an tsoláthair phoiblí agus na lamháltas d'fhonn a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú. | (11) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a bheith ag an Aontas agus ag oibreoirí eacnamaíocha, ***tomhaltóirí,*** eintitis chonarthacha agus údaráis chonarthacha tríú tíortha, ba cheart léiriú a bheith i ndlíchóras an Aontais ar ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir le rochtain ar mhargaí i ndáil le tríú tíortha i réimse an tsoláthair phoiblí agus na lamháltas d'fhonn a gcur chun feidhme éifeachtach ***agus dian*** a áirithiú. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Maidir leis an gcuspóir ***feabhas a chur*** ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltas tríú tíortha áirithe atá faoi chosaint ag bearta nó cleachtais shriantacha agus idirdhealaitheacha soláthair agus maidir leis an gcuspóir dálaí cothroma iomaíochta a chaomhnú laistigh den mhargadh inmheánach, chun iad a bhaint amach ***is gá dul i muinín na rialacha neamhfhabhracha maidir le tionscnamh atá bunaithe i reachtaíocht an Aontais maidir le custam, sa chaoi is go mbeidh a fhios ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha an bhfuil earraí agus seirbhísí cumhdaithe ag gealltanais idirnáisiúnta an Aontais*** . | (12) ***Maidir leis na cuspóirí chun aghaidh a thabhairt ar na srianta tromchúiseacha agus athfhillteacha*** ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltas tríú tíortha áirithe atá faoi chosaint ag bearta nó cleachtais shriantacha agus idirdhealaitheacha soláthair agus chun dálaí comhionanna iomaíochta a chaomhnú ***agus chun a áirithiú go n-urramófar caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus saothair laistigh den mhargadh inmheánach, tá gá le sraith shoiléir rialacha tionscnaimh d'oibreoirí eacnamaíocha,*** earraí agus seirbhísí. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart tionscnamh seirbhíse a chinneadh ar bhonn thionscnamh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá á soláthar. | (14) Ba cheart tionscnamh seirbhíse a chinneadh ar bhonn thionscnamh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá á soláthar. ***Ba cheart a mheas gurb é tionscnamh duine dhlítheanaigh an tír ina bhfuil an duine dlítheanach sin bunaithe nó eagraithe faoi dhlí na tíre sin faoi seach, agus ina bhfuil sé ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó. Chun aon dul timpeall a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na bearta a ghlacfar faoin Rialachán seo a sheachaint, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a sholáthar maidir le critéir na n-oibríochtaí substainteacha gnó, agus aird á tabhairt ar Chomhaontú Ginearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Trádáil Seirbhísí, ar reachtaíocht an Aontais agus ar an gcásdlí faoi seach a bhaineann leis an gceart bunaíochta.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
Aithris 18 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) D'fhonn ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus saothair a chomhtháthú go hiomchuí i nósanna imeachta dámhachtana soláthair phoiblí agus lamháltais, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit, na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha bearta ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí i réimse an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair a bhfuil feidhm*** |

***acu san áit ina ndéantar na hoibreacha nó na seirbhísí a sholáthraítear agus a eascraíonn as dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus ó chomhaontuithe comhchoiteanna, ar choinníoll go gcomhlíonann na rialacha sin, agus a gcur i bhfeidhm, dlí an Aontais. Ar an gcuma chéanna, ba cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí a eascraíonn as coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá daingnithe ag na Ballstáit go léir agus a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b] agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1c] le linn fheidhmiú an chonartha. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é nach bhfuil roinnt tríú tíortha tar éis roinnt de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta dá dtagraítear sna hIarscríbhinní seo a dhaingniú nó nach bhfuil siad á gcur chun feidhme acu, agus go bhfuil oibreoirí eacnamaíocha an Aontais faoi cheangal ag na coinbhinsiúin sin. Ba cheart, dá bhrí sin, é a bheith mar aidhm ag na hionstraimí dá bhforáiltear faoin Rialachán seo cur i bhfeidhm na bhforálacha dá bhforáiltear faoi na Treoracha sin a chothú chun éifeacht a thabhairt dóibh faoi chuimsiú an tsoláthair phoiblí idirnáisiúnta agus chun cothrom na Féinne a áirithiú i margadh soláthair phoiblí an Aontais.***

______________________

***[1a] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014. 1).***

***1b Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26***

***Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).***

***1c Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó pháirtithe leasmhara nó ó Bhallstát, imscrúdú a thionscnamh faoi bhearta nó cleachtais shriantacha soláthair a líomhnaítear a bheith ar siúl nó glactha ag tríú tír. Ba cheart nósanna imeachta imscrúdaithe den sórt sin a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**.** | (19) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó pháirtithe leasmhara nó ó Bhallstát, ***imscrúdú seachtrach*** soláthair a thionscnamh faoi bhearta nó cleachtais shriantacha soláthair a líomhnaítear a bheith ar siúl nó glactha ag tríú tír***, más rud é go measann sé go mbeidh an t-imscrúdú sin chun leas an Aontais. Ba cheart go gcuirfí san áireamh, go háirithe, go bhfuil líon áirithe eisiamh atá beartaithe i dtaobh tríú tír arna bhformheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 6(2) den Rialachán seo***. Ba cheart nósanna imeachta imscrúdaithe den sórt sin a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***1a***.<br>__________________-<br>***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94*** |

| | |
|---|---|
| | ***lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 189, 27.6.2014, lch. 50).*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Chun a shuí, an bhfuil sé chun leas an Aontais, go ndéanfaí imscrúdú a sheoladh nó bearta na hIonstraime Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta (IPI) a fhorchur, ba cheart raon leathan gnéithe i ndáil leis an imscrúdú agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis, lena n-áirítear leasanna an tionscail baile agus úsáideoirí agus tomhaltóirí, a chur san áireamh. Ba cheart tosaíocht a thabhairt don chuspóir ginearálta maidir le margaí tríú tíortha a oscailt agus deiseanna rochtana ar an margadh a fheabhsú d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais chun cómhalartacht a bhaint amach maidir le rochtain ar an margadh. Ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar oibreoirí eacnamaíocha ó thír lena mbaineann a bheith i láthair i margadh soláthair phoiblí an Aontais. Ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt freisin ar earnálacha a mheastar tábhacht straitéiseach a bheith ag baint leo do mhargadh soláthair phoiblí an Aontais.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Tá sé ríthábhachtach an t-imscrúdú a dhéanamh ar dhóigh thrédhearcach. Ba cheart, dá bhrí sin, tuarascáil ar phríomhchinntí an imscrúdaithe a chur ar fáil don phobal. | (21) Tá sé ríthábhachtach an t-imscrúdú a dhéanamh ar dhóigh thrédhearcach ***agus laistigh de thréimhse réasúnach***. Ba cheart, dá bhrí sin, tuarascáil ar phríomhchinntí an imscrúdaithe a chur ar fáil don phobal. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Mura bhfuil mar thoradh ar an gcomhairliúchán leis an tír sin feabhas sásúil ar na deiseanna tairisceana atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais laistigh d'achar ama réasúnta, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún ***nuair is iomchuí, beart coigeartaithe praghais a ghlacadh a mbeadh feidhm aige maidir le tairiscintí arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na tíre sin agus/nó maidir le hearraí agus seirbhísí de thionscnaimh na tíre sin freisin***. | (22) Mura bhfuil mar thoradh ar an gcomhairliúchán leis an tír sin ***gníomhaíocht cheartaitheach shásúil, a fhágann go*** gcuirtear feabhas ar na deiseanna tairisceana atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais laistigh d’achar ama réasúnta, ***ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún beart IPI a ghlacadh i bhfoirm eisiamh ón nós imeachta tairisceana nó i bhfoirm coigeartaithe scóir***. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ***Níor cheart bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin chun meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí a chuimsíonn earraí nó seirbhísí de thionscnamh na tíre lena mbaineann.*** Ionas nach bhféadfar teacht timpeall ar na bearta sin, ***d’fhéadfadh sé*** gur ghá ***díriú ar dhaoine dlítheanacha áirithe a eisiamh*** | (23) Ionas nach bhféadfar dul timpeall ar na bearta sin, ba ***cheart oibleagáidí conarthacha breise a fhorchur, nuair is gá, ar an tairgeoir a bhuann an conradh***. |

***atá faoi úinéireacht choigríche nó faoi rialú coigríche agus atá, ar dhaoine iad, ar a shon go bhfuil siad bunaithe san Aontas Eorpach, agus nach bhfuil ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó a bhfuil baint dhíreach éifeachtach acu le geilleagar an Bhallstáit lena mbaineann amháin ar a laghad*. *Níor cheart na bearta iomchuí a bheith ar neamhréir leis na cleachtais shriantacha soláthair a bhfuil siad ceaptha dul i ngleic leo.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Níor cheart éifeacht dhíobhálach a bheith ag ***bearta coigeartaithe praghais*** ar chaibidlíocht trádála a bheadh ar siúl leis an tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil tír i mbun caibidlíocht shubstainteach leis an Aontas maidir le rochtain ar an margadh i réimse an tsoláthair phoiblí, féadfaidh an Coimisiún na ***bearta*** a chur ar fionraí le linn na caibidlíochta. | (24) ***Níor cheart éifeacht dhíobhálach a bheith ag beart IPI a ghlactar faoin Rialachán seo*** ar chaibidlíocht trádála a bheadh ar siúl leis an tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil tír i mbun caibidlíocht shubstainteach leis an Aontas maidir le rochtain ar an margadh i réimse an tsoláthair phoiblí, féadfaidh an Coimisiún an ***beart sin*** a chur ar fionraí le linn na caibidlíochta. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(25) D'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha beart coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm, ba cheart glacadh leis go mbeidh na hoibreoirí eacnamaíocha uile atá de thionscnamh tríú tír a bhfuiltear ag díriú uirthi agus nach bhfuil aon chomhaontú soláthair déanta léi, go mbeidh na hoibreoirí sin uile faoi réir an bhirt, ach amháin más*** | ***scriosta*** |

***féidir leo a léiriú gur earraí nó seirbhísí de thionscnamh an tríú tír lena mbaineann níos lú ná 50 % de luach iomlán a dtairisceana.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(26) Is iad na Ballstáit is fearr is féidir a dhéanamh amach cé hiad na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha, nó na catagóirí d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha, ar cheart dóibh an beart coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm. Chun a áirithiú go ndéanfar gníomh leordhóthanach agus go roinnfear an t-ualach go cothrom ar na Ballstáit, ba cheart gurbh é an Coimisiún a dhéanfadh an cinneadh deiridh, ar bhonn liosta ó gach Ballstát. I gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún liosta a chur i dtoll a chéile ar a thionscnamh féin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is den ríthábhacht go mbeadh rochtain ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha, ag praghas iomaíoch, ar raon táirgí ardchaighdeáin a riarann dá riachtanais cheannaithe. ***Dá bhrí sin***, ba cheart údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a bheith in ann gan ***bearta coigeartaithe praghais*** a chuireann srian ar an rochtain ar earraí nach bhfuil cumhdaithe a chur i bhfeidhm sa chás ***nach bhfuil aon earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais ná earraí nó seirbhísí atá*** | (27) Is den ríthábhachtacht é rochtain a bheith ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha, ag praghas iomaíoch, ar raon táirgí ardchaighdeáin a riarann dá riachtanais cheannaithe ***chun leas an phobail a choimirciú***. ***I gcásanna eisceachtúla, ba cheart na*** húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha a bheith in ann ***gan beart IPI*** a chur i bhfeidhm a chuireann srian ar an rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe i gcás ***nach bhfuil ach*** |

| | |
|---|---|
| ***cumhdaithe a*** riarann do riachtanais an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh ***maidir le bunleasanna poiblí,*** amhail réimse na sláinte ***nó*** slándála poiblí a chosaint, nó sa chás gurb é toradh a bheadh ar chur i bhfeidhm ***an bhirt i gceist méadú díréireach ar phraghas nó ar chostais an chonartha***. | ***tairiscintí ó oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na tíre atá faoi réir beart IPI nó i gcás na dtairiscintí sin a*** riarann do riachtanais an údaráis chonarthaigh ***nó an eintitis chonarthaigh nó i gcás ina ndéanann cúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail dámhachtain conartha***, amhail réimsí na ***héigeandála sláinte, na tubaiste nádúrtha*** agus na sábháilteachta poiblí, fíor-riachtanach***. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla,*** nuair ***nach féidir vacsaíní nó trealamh éigeandála a bhfuil géarghá leo a cheannach ach ó oibreoir eacnamaíoch a bhfuil feidhm ag bearta IPI ina leith. Ba cheart formheas an Choimisiúin a bheith riachtanach chun na heisceachtaí sin a*** chur i bhfeidhm. ***Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na heisceachtaí sin ar bhealach tráthúil agus cuimsitheach ionas gur féidir faireachán iomchuí a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na n-eisceachtaí chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach comhchuibhithe ar fud na mBallstát, agus chun aon dul timpeall a sheachaint.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) I gcás ina ndéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha eisceachtaí ar bhearta ***coigeartaithe praghais*** a chuireann srian ar rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe a chur chun mífheidhme, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann sásra ceartaitheach Airteagal 3 de Threoir 89/665/CEE ón gComhairle[20] nó Airteagal 8 de Threoir 92/13/CEE ón gComhairle[21] a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, aon chonradh a nó thugann | (28) I gcás ina ndéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha eisceachtaí ar bhearta ***IPI*** a chuireann srian ar rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe a chur chun mífheidhme, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann sásra ceartaitheach Airteagal 3 de Threoir 89/665/CEE[20] ón gComhairle nó Airteagal 8 de Threoir 92/13/CEE ón gComhairle[21] a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, aon chonradh a thugann údaráis chonarthacha nó eintitis |

| | |
|---|---|
| údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***coigeartaithe praghais*** a chuireann srian ar rochtain earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe, ba cheart é a bheith gan éifeacht. | chonarthacha i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***IPI*** a chuireann srian ar rochtain earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe, ba cheart é a bheith gan éifeacht. |
| [20] Treoir 89/665/CEE ón gComhairle maidir le comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, ar rialacháin agus ar fhorálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33). | [20] Treoir 89/665/CEE ón gComhairle maidir le comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, ar rialacháin agus ar fhorálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33). |
| [21] Treoir 92/13/CEE ón gComhairle lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair. (IO L 76, 23.3.1992, lch. 14). | [21] Treoir 92/13/CEE ón gComhairle lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair. (IO L 76, 23.3.1992, lch. 14). |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Is é an nós imeachta scrúdúcháin ba cheart a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i leith ***beart coigeartaithe praghais*** a ghlacadh, a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a athbhunú. | (30) Is é an nós imeachta scrúdúcháin ba cheart a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i leith ***bearta IPI*** a ghlacadh, a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a athbhunú. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí, d'fhonn an bunchuspóir comhbheartas seachtrach i réimse an tsoláthair phoiblí a bhaint amach, comhrialacha a leagan síos maidir le conas caitheamh le tairiscintí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe ag gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atáthar a shaothrú a bhaint amach, i gcomhréir leis an ***gceathrú mír*** d'Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, | (33) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí, d'fhonn an bunchuspóir comhbheartas seachtrach i réimse an tsoláthair phoiblí a bhaint amach, comhrialacha a leagan síos maidir le conas caitheamh ***go cothrom*** le tairiscintí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe ag gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5***(4)*** den Chonradh ar an Aontas Eorpach. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo bunaítear bearta atá ceaptha feabhas a chur ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltas tríú tíortha. Leagtar síos leis nósanna imeachta maidir leis an gCoimisiún imscrúdaithe a dhéanamh ar bhearta nó ar chleachtais shriantacha agus idirdhealaitheacha soláthair a líomhnaítear a bheith ar siúl nó glactha ag tríú tíortha in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais agus maidir lena dhul i mbun comhairliúchán leis na tíortha lena mbaineann. | Leis an Rialachán seo, bunaítear bearta atá ceaptha ***a áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ar an margadh soláthair idirnáisiúnta agus go*** bhfeabhsófar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltas tríú tíortha ***trí dhul i ngleic le bearta nó cleachtais tríú tíortha a mbíonn lagú tromchúiseach agus athfhillteach ar rochtain mar thoradh orthu***. Leagtar síos leis nósanna imeachta maidir leis an gCoimisiún imscrúdaithe a dhéanamh ar bhearta nó ar chleachtais shriantacha agus idirdhealaitheacha soláthair a líomhnaítear a bheith ar siúl nó glactha ag tríú tíortha in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais agus maidir lena dhul i mbun comhairliúchán leis na tíortha lena mbaineann. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déantar foráil ann i dtaobh na féidearthachta bearta ***coigeartaithe praghais*** a chur i bhfeidhm maidir le tairiscintí áirithe ar chonarthaí i dtaca le hobair nó oibreacha a dhéanamh, i dtaca le ***hearraí a sholáthar agus/nó seirbhisí a chur ar fáil,*** agus i dtaca le lamháltas, ar bhonn thionscnamh na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. . | Déantar foráil ann i dtaobh na féidearthachta bearta ***IPI a chur i bhfeidhm, ar nósanna imeachta soláthair, i bhfoirm coigeartaithe scóir nó i bhfoirm tairiscintí áirithe a eisiamh maidir le*** conarthaí i dtaca le hobair nó oibreacha a dhéanamh, i dtaca le hearraí a sholáthar agus/nó ***i dtaca le*** seirbhisí a chur ar fáil, agus ar bhonn thionscnamh na n-oibreoirí eacnamaíocha, na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***conarthaí*** atá cumhdaithe ag na gníomhartha seo a leanas: | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***nósanna imeachta soláthair*** atá cumhdaithe ag na gníomhartha seo a leanas: |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach ***maidir le bearta nó cleachtais soláthair atá sriantach agus/nó idirdhealaitheach, arna gcur chun feidhme ag tríú tír i ndáil le ceannach earraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe***. Beidh cur chun feidhme an | 4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ***ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair a chumhdaítear leis na bearta IPI agus a sheoltar idir teacht i bhfeidhm na mbeart IPI sin agus dul in éag, tarraingt siar nó fionraí na mbeart IPI sin***. Beidh cur chun feidhme an |

| | |
|---|---|
| Rialacháin seo gan dochar d'aon oibleagáidí idirnáisiúnta atá ar an Aontas. | Rialacháin seo gan dochar d'aon oibleagáidí idirnáisiúnta atá ar an Aontas. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Ní dhéanfaidh na Ballstáit ná a gcuid údarás conarthach agus a gcuid eintiteas conarthach bearta sriantacha a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tír seachas iad sin a ndéantar foráil maidir leo sa Rialachán seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó le coinbhinsiúin idirnáisiúnta chomhshaoil agus shóisialta a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, agus le Comhaontú Pháras, chun a áirithiú go bhfuil cothrom na Féinne ann maidir le hearraí agus seirbhísí nach bhfuil cumhdaithe.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' ***aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas poiblí nó aon ghrúpa daoine agus/nó eintiteas dá leithéid, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach gnóthas, a chuireann tairiscint isteach ar oibreacha nó ar obair a dhéanamh, ar earraí a sholáthar nó ar sheirbhís a chur ar fáil ar an margadh a thairgeann earraí ar an margadh;*** | (a) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' ***'oibreoir eacnamaíoch' mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (2), de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2, pointe (10), de 2014/24/AE agus Airteagal 2, pointe (6), de 2014/25/AE;*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) ciallaíonn 'tairgeoir' oibreoir eacnamaíoch a bhfuil tairiscint curtha isteach aige;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) Ciallaíonn 'beart coigeartaithe scóir' an laghdú coibhneasta a dhéantar ar chéatadán áirithe de scór tairisceana mar thoradh ar mheastóireacht a rinne údarás conarthach nó eintiteas conarthach ar bhonn na gcritéar dámhachtana conartha a shainítear sna doiciméid soláthair; i gcásanna inarb é an praghas nó an costas an t-aon chritéar dámhachtana conartha, ciallaíonn 'an beart coigeartaithe scóir' an méadú*** |

***coibhneasta, chun críche meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí, le céatadán áirithe den phraghas nó den chostas atá á thairiscint ag tairgeoir;***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ciallaíonn 'soláthar neamhchumhdaithe' nós imeachta soláthair phoiblí maidir le hearraí, seirbhísí, oibreacha nó lamháltais nach bhfuil gealltanais maidir le rochtain ar an margadh déanta ag an Aontas ina leith i gcomhaontú idirnáisiúnta i réimse an tsoláthair phoiblí nó na lamháltas;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) Ciallaíonn 'beart IPI' beart arna ghlacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo i bhfoirm birt coigeartaithe scóir a bhfuil feidhm aige maidir le tairiscint, nó i bhfoirm tairiscint a eisiamh ó mhargadh soláthair nó lamháltas an Aontais;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 9*** | ***scriosta*** |
| ***Na húdaráis nó na heintitis lena*** | |

***mbaineann***

***Cinnfidh an Coimisiún na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha nó na catagóirí d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha, agus iad liostaithe de réir Ballstáit, a mbeidh baint ag an mbeart leo. Chun caoi a thabhairt an cinneadh sin a dhéanamh, cuirfidh gach Ballstát isteach liosta d'údaráis iomchuí chonarthacha nó d'eintitis iomchuí chonarthacha nó de chatagóirí údaráis nó eintitis den saghas sin. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar leibhéal iomchuí gníomhaíochta agus go roinnfear an t-ualach go cothrom ar na Ballstáit.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a chinneadh gan an ***beart coigeartaithe praghais*** a chur i bhfeidhm i ndáil le nós imeachta soláthair ***nó lamháltais*** sna cásanna seo a leanas: | 1. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha, ***ar bhonn eisceachtúil,*** a chinneadh gan na ***bearta IPI dá bhforáiltear sa Rialachán seo*** a chur i bhfeidhm i ndáil le nós imeachta soláthair sna cásanna seo a leanas: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) mura bhfuil aon earraí nó seirbhísí de chuid an Aontais agus/nó aon earraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ann a chomhlíonann ceanglais an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh; nó*** | ***scriosta*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) níl ach tairiscintí ó oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na tíre atá faoi réir na mbeart IPI, nó níl ach tairiscintí den sórt sin i gcomhréir leis na ceanglais tairisceana.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) dá dtiocfadh méadú díréireach ar phraghas nó ar chostais an chonartha toisc an beart a chur i bhfeidhm.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) tá cúiseanna sáraitheacha ann a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE a thugann údar leis*** |

***an gcinneadh sin.***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás conarthach nó ag eintiteas conarthach gan ***beart coigeartaithe praghais , sonróidh sé go bhfuil sé beartaithe aige sin a dhéanamh san fhógra conartha a fhoilseoidh sé de bhun Airteagal 49 de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 69 de Threoir 2014/25/EU nó san fhógra lamháltais de bhun Airteagal 31 de Threoir 2014/23/AE***. Tabharfaidh ***sé*** fógra don Choimisiún faoi sin tráth nach déanaí ná ***deich lá féilire tar éis fhoilsiú an fhógra*** conartha. | 2. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás conarthach nó ag eintiteas conarthach gan ***beart IPI*** a chur i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi sin ***gan mhoill agus in aon chás tráth nach déanaí ná tríocha lá roimh dhámhachtain an chonartha, agus tabharfaidh sé réasúnú mionsonraithe le húsáid na heisceachta***. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an foras ar ar bunaíodh an cinneadh gan an beart ***coigeartaithe praghais*** a chur i bhfeidhm, agus an réasúnú mionsonraithe atá le húsáid na heisceachta; | (d) an foras ar ar bunaíodh an cinneadh gan an beart ***IPI*** a chur i bhfeidhm, agus an réasúnú mionsonraithe atá le húsáid na heisceachta; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir le haon iarraidh ar eisceacht atá bunaithe ar an Airteagal seo, ní mór formheas a fháil ón gCoimisiún roimh dhámhachtain an*** |

| | |
|---|---|
| | ***chonartha.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Féadfaidh an Coimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne iarraidh ar eisceacht ar bheart IPI mura bhfuil údar atá mionsonraithe go leordhóthanach leis an bhfógra. Cuirfidh an Coimisiún an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach ar an eolas faoina chinneadh gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Más rud é, faoi Airteagal 2 de Threoir 2014/24/AE nó faoi Airteagal 50 de Threoir 2014/25/AE go seolann údarás conarthach nó eintiteas conarthach nós imeachta idirbheartaíochta gan iarratas ar thairiscintí a fhoilsiú roimh ré agus má chinneann sé gan beart coigeartaithe praghais a chur i bhfeidhm, sonróidh sé sin san fhógra faoi dhámhachtain conarthaí a fhoilseoidh sé de bhun Airteagal 50 de Threoir 2014/24/AE nó de bhun Airteagal 70 de Threoir 2014/25/AE nó san fhógra faoi dhámhachtain lamháltais a fhoilseoidh sé de bhun Airteagal 32 de Threoir 2014/23/AE agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi sin tráth nach déanaí ná deich lá féilire tar éis fhoilsiú an fhógra faoi dhámhachtain conarthaí.*** | ***scriosta*** |
| ***Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:*** | |

***(a) ainm agus sonraí teagmhála an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh;***

***(b) tuairisc ar chuspóir an chonartha nó an lamháltais;***

***(c) faisnéis faoi thionscnamh na n-oibreoirí eacnamaíocha, na n-earraí agus/nó na seirbhísí atá le ceadú;***

***(d) an réasúnú atá le húsáid na heisceachta;***

***(e) nuair is iomchuí, aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás conarthach agus nó an t-eintiteas conarthach a bheith úsáideach.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***coigeartaithe praghais*** arna nglacadh ***nó arna gcur i bhfeidhm arís ag an gCoimisiún*** de bhun an Rialacháin seo ní bheidh feidhm acu. | 2. ***Measfar*** conarthaí arna dtabhairt i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch de shárú ar bhearta ***IPI*** arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a bheith ***'neamhéifeachtach' de réir bhrí Threoir 89/665/CEE***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faoin 31 Nollaig 2018*** agus ar a laghad gach trí bliana ina dhiaidh sin , cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta, arna ndéanamh faoin Rialachán seo, i dtaobh rochtain a bheith ag oibreoirí | ***Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** agus ar a laghad gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta, arna ndéanamh faoin Rialachán seo, i dtaobh |

| | |
|---|---|
| eacnamaíocha de chuid an Aontais ar nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí poiblí nó lamháltas i dtríú tíortha. Chuige sin, tabharfaidh na Ballstáit faisnéis iomchuí don Choimisiún arna iarraidh sin. | rochtain a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí poiblí nó lamháltas i dtríú tíortha. Chuige sin, tabharfaidh na Ballstáit faisnéis iomchuí don Choimisiún arna iarraidh sin. ***Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ar bhonn na faisnéis a fhaightear ó na Ballstáit, bunóidh an Coimisiún ar leibhéal an Aontais bunachar sonraí de chonarthaí soláthair phoiblí nó de nósanna imeachta um dhámhachtain lamháltas le tríú tíortha agus de chur i bhfeidhm bhearta IPI faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún an bunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo d'fhonn bagairtí ar leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a bhrath, aontacht an mhargaidh aonair a neartú agus/nó cearta na dtomhaltóirí a chosaint. Bainfear úsáid as faireachán den sórt sin chun cásanna féideartha calaoise soláthair, éillitheachta, coinbhleachta leasa agus neamhrialtachtaí tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a thuairisciú go leordhóthanach. I*** |

***gcás ina n-aithníonn údaráis nó struchtúir faireacháin sáruithe sonracha nó fadhbanna sistéamacha, cumhachtófar dóibh na fadhbanna sin a tharchur chuig údaráis náisiúnta iniúchóireachta, cúirteanna nó binsí nó údaráis nó struchtúir iomchuí eile, amhail an t-ombudsman, parlaimintí náisiúnta nó coistí parlaiminteacha.***

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 17*** | ***scriosta*** |
| ***Leasú ar Threoir 2014/25/AE*** | |
| ***Scriosfar Airteagal 85 agus 86 de Threoir 2014/25/AE le héifeacht ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** | |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 17a*** |
| | ***Athbhreithniú*** |
| | ***Faoin ... [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cibé an bhfuil nó nach bhfuil raon feidhme, feidhmiúlacht agus éifeachtúlacht leordhóthanach sa Rialachán seo chun gur féidir margaí soláthair nua a oscailt. Déanfaidh an Coimisiún a thorthaí a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*** |
| | ***I gcás nach ngnóthaítear spriocanna an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún*** |

| | |
|---|---|
| | ***meastóireacht ar cibé an mbeadh athdhaingniú á dhéanamh ar an ngiaráil is féidir a úsáid i leith tríú tíortha nach bhfuil toilteanach comhoibriú trí Airteagail 85 agus 86 de Threoir 2014/25/AE a dhéanamh éigeantach.*** |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus sheirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú |
| **Tagairtí** | COM(2016)0034 – C8-0018/2016 – COM(2012)0124 – C7-0084/2012 – 2012/0060(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>20.4.2012 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>20.4.2012 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 25.10.2012 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Ivan Štefanec<br>18.7.2019 |
| **Pléite sa choiste** | 12.7.2021 1.9.2021 11.10.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 27.10.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 0<br>0: 11 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Hynek Blaško, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Andrea Caroppo, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Carlo Fidanza, Evelyne Gebhardt, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Maria da Graça Carvalho, Claude Gruffat, Sarah Wiener |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 34 | + |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso, Hynek Blaško, Markus Buchheit, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Andrea Caroppo, Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| S&D | Alex Agius Saliba, Brando Benifei, Biljana Borzan, Evelyne Gebhardt, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Leszek Miller, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Claude Gruffat, Kim Van Sparrentak, Sarah Wiener |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 11 | 0 |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Carlo Fidanza, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Morten Løkkegaard, Marco Zullo |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

AN COISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA
AN CATHAOIRLEACH

Ref. D(2021) 21627

Bernd Lange
An Cathaoirleach
An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus sheirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú (COM2016/0034 – C8-0018/2016 – 2012/0060(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla tuairim a chur faoi bhráid do Choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Meán Fómhair 2021, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne an coiste breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Deireadh Fómhair 2021 agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú céanna[1].

Ba cheart don mholadh le haghaidh ionstraim soláthair phoiblí idirnáisiúnta nua a bheith ina léiriú ar iarraidh láidir an Aontais Eorpaigh go mbeadh níos mó freagrachta ag baint le

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Adrián Vázquez Lázara (Cathaoirleach), Raffaele Stancanelli (Leas-Chathaoirleach), Pascal Arimont, Manon Aubry, Patrick Breyer, Daniel Buda, Caterina Chinnici, Geoffroy Didier, Pascal Durand, Angel Dzhambazki, Daniel Freund (Riail 209(7)), Jean-Paul Garraud, Esteban González Pons, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Jiří Pospíšil, Marcos Ros Sempere, Nacho Sánchez Amor, Stéphane Séjourné, Axel Voss, Tiemo Wölken, Lara Wolters, Javier Zarzalejos.

cleachtais ghnó, lena n-áirítear maidir le hurraim do chearta an duine, an comhshaol agus dea-rialachas.

Ina leith sin, is uirlis reachtach ríthábhachtach é an ceanglas atá ar chuideachtaí dícheall cuí a dhéanamh ina slabhraí luacha chun sáruithe ar chearta an duine, damáiste don chomhshaol agus éilliú a shainaithint, a chosc, a mhaolú, chun scor díobh agus aghaidh a thabhairt orthu. Ghlac an Chomhairle Eorpach Conclúidí ina n-iarrtar togra ón gCoimisiún le haghaidh chreat dlíthiúil AE maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí trasearnálacha maidir le dícheall cuí corparáideach feadh na slabhraí soláthair domhanda (1 Nollaig 2020) agus tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach togra reachtach a chur ar aghaidh le haghaidh dícheall cuí corparáideach éigeantach (Clár Oibre an Choimisiúin Eorpaigh 2021).

An rud is tábhachtaí, ghlac formhór mór Fheisirí Pharlaimint na hEorpa tuarascáil féintionscnaimh reachtach ar "Dhícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach" ina n-éilítear rialacha maidir le dícheall cuí corparáideach éigeantach chun cearta an duine, an comhshaol agus dea-rialachas a chosaint i slabhraí luacha agus ina leagtar amach moltaí uaillmhianacha soiléire ina leith sin (10 Márta 2021).

Luaitear sa rún seo go "*moltar do na Ballstáit gan tacaíocht stáit a chur ar fáil, lena n-áirítear trí (...) soláthar poiblí (...) do ghnóthais nach gcomhlíonann cuspóirí na Treorach seo.*" Is deis é dearadh ionstraime soláthair phoiblí idirnáisiúnta nua chun an cuspóir sin de chuid Pharlaimint na hEorpa a bhaint amach agus chun ceanglas a chur ar thríú tíortha maidir le caighdeáin chómhalartacha a bhaineann le cosaint chearta an duine, an comhshaol agus dea-chleachtas. Dá gcuirfí ceanglais maidir le dícheall cuí agus inbhuanaitheacht i bhfeidhm go daingean san ionstraim soláthair phoiblí idirnáisiúnta, léireofaí go bhfuil ceannaireacht á glacadh ag an Aontas Eorpach agus go bhfuil ceannaireacht le dea-shampla á tabhairt ag a údaráis phoiblí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

Agus an seasamh sin á ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa, bheadh sí ar aon dul leis an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (27 Aibreán 2016) ina moltar go ndéanfaí leis an Rialachán "cur chuige níos uaillmhianaí a fhorbairt maidir le cuspóirí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, urraim do chearta bunúsacha agus cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn i nósanna imeachta soláthair phoiblí".

Dá réir sin, iarann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na ceanglais seo a leanas maidir le hinbhuanaitheacht agus dícheall cuí a ionchorprú ina thuarascáil:

a) ba cheart d'údaráis chonarthacha a áirithiú go ndéanfadh na hoibreoirí eacnamaíocha, a ndámhann siad conarthaí dóibh, dícheall cuí maidir le cearta an duine, an comhshaol agus dea-rialachas ina slabhra luacha iomlán, go háirithe le linn a gcomhlíonta conartha


b) ba cheart d'údaráis chonarthacha a áirithiú nár chúis iad na hoibreoirí eacnamaíocha, a

ndámhann siad conarthaí dóibh, le sáruithe ar chearta an duine, damáiste don chomhshaol ná éilliú ná nach gcuirfeadh siad leo, lena n-áirítear lasmuigh dá gcomhlíonadh conartha

c) ba cheart d’údaráis chonarthacha tús áite a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil cuntas teiste sásúil acu i ndáil le hiompar freagrach gnó maidir le cearta an duine, an comhshaol agus dea-rialachas

Déantar na moltaí le haird chuí á tabhairt ag an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar na nithe seo a leanas: na rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe[2] agus an 10 Márta 2021 maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach[3] chomh maith leis na tograí ón gCoimisiún atá le teacht maidir leis an Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus an ionstraim chun dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach a áirithiú.

Mise le meas,



Vázquez Lázara

[2] P9_TA(2020)0372
[3] P9_TA(2021)0073

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí an Aontais agus nósanna imeachta atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain earraí agus sheirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha a éascú |
| **Tagairtí** | COM(2016)0034 – C8-0018/2016 – COM(2012)0124 – C7-0084/2012 – 2012/0060(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 29.1.2016 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>20.4.2012 |
| **Coistí ar iarradh tuairim uathu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE 20.4.2012 · EMPL 20.4.2012 · ITRE 20.4.2012 · IMCO 20.4.2012 |
| | JURI<br>20.4.2012 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | DEVE 9.11.2021 · EMPL 10.9.2021 · ITRE 23.2.2016 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>25.10.2012 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Daniel Caspary<br>18.7.2019 |
| **Pléite sa choiste** | 3.12.2019 · 17.3.2021 · 1.9.2021 · 26.10.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 29.11.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 0<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Miroslav Číž, Arnaud Danjean, Paolo De Castro, Emmanouil Fragkos, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Roman Haider, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Herve Juvin, Karin Karlsbro, Maximilian Krah, Danilo Oscar Lancini, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Massimiliano Salini, Helmut Scholz, Liesje Schreinemacher, Sven Simon, Dominik Tarczyński, László Trócsányi, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Reinhard Bütikofer, Joachim Schuster |

| | |
|---|---|
| **Dáta don chur síos** | 6.12.2021 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 36 | + |
|---|---|
| ID | Roman Haider, Herve Juvin, Maximilian Krah, Danilo Oscar Lancini |
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Massimiliano Salini, Sven Simon, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Liesje Schreinemacher, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Miroslav Číž, Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Joachim Schuster, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Reinhard Bütikofer, Markéta Gregorová, Sara Matthieu |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Emmanouil Fragkos, Dominik Tarczyński, Jan Zahradil |
| NI | László Trócsányi |
| The Left | Helmut Scholz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh